



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curraclain agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment

Dréachtsonraíocht Cheol na hArdteistiméireachta

I gcomhair comhairliúcháin

Eanair 2026

An Clár Ábhar

An tsraith shinsearach.....	1
Réasúnaíocht.....	3
Aidhmeanna	5
Leanúnachas agus dul chun cinn.....	6
An tSraith Shóisearach.....	6
I ndiaidh na sraithe sinsearaí.....	6
Foghlaim an scoláire sa tsraith shinsearach.....	8
Príomhinniúlachtaí	9
Snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama.....	13
Modhanna Rannpháirtíochta	15
Snáithe 1: Smaointe Ceoil a Fhiosrú agus a Chur in Iúl.....	20
Snáithe 1: Torthaí foghlama	22
Snáithe 2: Ceol i gComhthéacs: San am a caitheadh agus san am i láthair	26
Snáithe 2: Torthaí foghlama	28
Teagasc le haghaidh fhoghlaim na scoláirí.....	32
Measúnú	34
Measúnú don teistiúchán	34
Comhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis: Taibhiú Ceoil.....	35
An Treoir.....	37
Tuaisceoirí cáilíochta don Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis sa Cheol	37
Scrúdú scríofa	39
Socruithe Réasúnta/Ionchuimsithe	39
Grádú na hArdteistiméireachta	40
Aguisín 1: Briathra Gnímh	41
Aguisín 2: Gluais Téarmaí	45

An tsraith shinsearach

Tá sé mar aidhm ag an tsraith shinsearach leanúint le hoideachas iomlánaíoch a chur ar an duine agus cur le rath an duine. Cuireann eispéiris na scoláirí le linn na sraithe sinsearaí lena bhforbairt intleachtach, shóisialta agus phearsanta mar aon lena sláinte agus a bhfolláine ar bhonn ginearálta. Baineann ocht dtreoirphrionsabal leis an tsraith shinsearach.

Treoirphrionsabail na Sraithe Sinsearaí	
Folláine agus caidreamh	Rogha agus solúbthacht
Oideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht	Leanúnachas agus aistrithe
Dúshlán, rannpháirtíocht agus cruthaitheacht	Rannpháirtíocht agus saoránacht
Foghlaim le foghlaim, foghlaim don saol	Timpeallachtaí foghlama agus comhpháirtíochtaí

Is slat tomhais iad na prionsabail seo do scoileanna agus do shuíomhanna oideachais eile agus a sraith shinsearach á dearadh acu. Cuimsítear leis an tsraith shinsearach, Idirbhliain roghnach agus cúrsa dhá bhliain ina diaidh, a bhfuil ábhair agus modúil mar chuid de. Tarlaíonn an fhoghlaim i scoileanna, pobail, suíomhanna oideachasúla agus suíomhanna eile lena n-aithnítear neamhspleáchas méadaitheach na scoláirí, ag tógáil ar an tsraith shóisearach. Bunaítear caidrimh le múinteoirí ar bhonn níos aibí agus glacann scoláirí níos mó freagrachta orthu féin as a gcuid foghlama féin.

Sa tsraith shinsearach, cuirtear curaclam ar fáil ina mbíonn dúshlán do na scoláirí an leibhéal is airde de ghnóthachtáil oideachasúil a bheith mar sprioc acu, i gcomhréir lena gcuid inniúlachtaí agus cumas féin. I gcaitheamh na sraithe sinsearaí, bíonn deiseanna ag na scoláirí dul i ngleic le dúshláin shóisialta, chomhshaoil, eacnamaíocha agus teicneolaíochta, agus chun feabhas a chur ar a dtuiscint ar chearta an duine, ar cheartas sóisialta, ar chothroime, ar éagsúlacht agus ar inbhuanaitheacht. Tugtar tacaíocht do na scoláirí chun roghanna bunaithe ar eolas a dhéanamh agus conairí éagsúla tríd an tsraith shinsearach á roghnú acu agus bíonn deiseanna ag gach scoláire lúcháir agus sásamh a bhaint as clocha míle móra a bhaint amach ina gcuid oideachais. Ba cheart go gcuirfeadh an tsraith shinsearach bonn láidir faoin aistriú go dtí an breisoideachas, an t-oideachas aosach agus an t-ardoideachas, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna agus fostaíocht, agus rannpháirtíocht bhríoch sa tsochaí, sa gheilleagar agus sa saol aosach.

Ba cheart go bhfreastalódh an t-eispéireas oideachasúil sa tsraith shinsearach ar gach aon scoláire, go bhfreagródh sé dá gcuid láidreachtaí agus riachtanas foghlama, agus go mbeadh meas agus urraim ann don éagsúlacht agus go ndéanfaí sin a cheiliúradh. Bíonn éagsúlachtaí

ann i measc scoláirí ó thaobh cúlra teaghlaigh agus cultúir de agus i dtaca le teangacha, aois, stádas eitneach, creideamh, inscne, agus féiniúlacht ghnéis agus maidir lena gcuid láidreachtaí, riachtanas, spéiseanna, inniúlachtaí agus réamheolais, scileanna, luachanna agus meonta. Ba cheart go ndéanfaí féiniúlacht gach aon scoláire a cheiliúradh, go léireofaí meas uirthi agus go bhfreagrófaí di le linn don scoláire a bheith ag dul tríd an tsraith shinsearach.

Ar leibhéal praiticiúil, tacaítear leis an tsraith shinsearach le forbairt ghairmiúil bhreisithe; le rannpháirtíocht múinteoirí, scoláirí, tuismitheoirí, ceannairí scoile agus páirtithe leasmhara eile; acmhainní; taighde; cumarsáid shoiléir; comhsheasmhacht polasaí; agus le fíс chomhroinnte i dtaca lena mbítear ag iarraidh a bhaint amach dár gcuid daoine óga tríd an tsraith shinsearach, agus iad ag réiteach chun tús a chur leis an saol aosach. Cuirtear beocht inti i scoileanna agus i suíomhanna eile oideachasúla trí:

- pleanáil, forbairt, eagrú, machnamh agus meastóireacht éifeachtach curaclaim
- cuir chuige teagaisc agus foghlama a spreagann na scoláirí agus a ligeann dóibh feabhsú
- cultúr scoile ina léirítear meas ar na scoláirí agus ina gcuirtear grá don fhoghlaim chun cinn.

Réasúnaíocht

Baineann an cine daonna ar fad leas as an gceol chun iad féin a chur in iúl. Téann sé thar bhacainní teanga, tíreolaíochta agus cultúrtha. Cabhraíonn an ceol linn ár bhféiniúlacht a fhiosrú agus a thuiscint, brí a chur in iúl agus aghaidh a thabhairt ar an domhan thart timpeall orainn ar bhealach fiúntach.

Cuireann an ceol le forbairt an duine iomláin ar bhealach suntasach – go pearsanta, go mothúchánach, go hintleachtúil, go sóisialta, go cultúrtha agus go cruthaitheach. Is ábhar dinimiciúil agus léiritheach é a spreagann fiosracht, cruthaitheacht, cumarsáid, iniúchadh agus féinmhachnamh. Mar chuid den chúrsa ceoil, cruthaíonn, taibhíonn agus éistean na scoláirí go gníomhach ar bhealach comhtháite astu féin, agus le daoine eile araon. Tugann an comhtháthú sin modh cumhachtach féinfhollasaithe do scoláirí, tacaíonn sé le forbairt na bpríomhinniúlachtaí agus cuireann sé eolas agus tuiscint níos doimhne ar ghnéithe teoriciúla agus praiticiúla an cheoil araon chun cinn.

Cuireann an ceol le hathléimneacht, forbraíonn sé féinfheasacht, cothaíonn sé féinmhuinín agus tuiscint ar fholláine an scoláire féin. Foghlaimíonn scoláirí an chaoi le haiseolas a thabhairt agus a fhreagairt ar bhealach dearfach, ag leasú a gcuid ceoil agus ceirde le disciplín agus buanseasmhacht.

Cothaíonn an ceol réiteach fadhbanna agus smaointeoireacht úrnua. Cuireann sé ar chumas na scoláirí smaointe úrnua a iniúchadh agus forbraíonn sé an indibhidiúlacht, an phearsantacht agus an guth cruthaitheach atá acu. Measann scoláirí comhthéacs, cuspóir agus lucht éisteachta an cheoil. Tugann sé bealach iontach do scoláirí chun mothúcháin a chur in iúl, ag cabhrú le scoláirí a mbealach a dhéanamh trí dhúshláin phearsanta agus ócáidí ceiliúrtha.

Cuireann an ceol dearcadh luachmhar ar fáil chun stair agus cultúr a thuiscint. I gCeol na hArdteistiméireachta, faigheann scoláirí blaiseadh de réimse éagsúil traidisiúin, stíleanna agus cleachtais cheoil ó chinn stairiúla agus go cinn chomhaimseartha. Cabhraíonn an ceol le léirthuiscint a fhorbairt ar chomhthéacsanna stairiúla, pearsanta, polaitiúla, sóisialta agus cultúrtha inar cruthaíodh é agus inar éisteadh leis. Cabhraíonn an fhoghlaim sin le feasacht agus léirthuiscint dár stair agus dár gcultúr, timpeallacht agus éiteas féin a chothú, fad atá tuiscint á forbairt ar chultúir eile.

Cothaíonn an ceol scileanna sóisialta, comhoibriú agus obair foirne trí chomhroinnt smaointe, uirlisí, scileanna agus machnamh. Cuireann an t-ábhar comhtháthú sóisialta chun cinn agus tugann sé daoine le chéile trí mheán na n-eispéireas ceoil comhroinnte. Foghlaimíonn na

scoláirí le héisteacht go gníomhach le ceol, cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach agus a gcuid buanna aonair a úsáid chun tacú lena chéile agus chun oibriú mar chuid d'fhoireann. Cuireann comhoibriú le cóimheas agus caidrimh idirphearsanta láidre. De réir mar a fhoghlaimíonn scoláirí le daoine eile a fhreagairt agus freagra a thabhairt dóibh, bíonn ionbhá, foighne agus féinsmacht á gcothú acu.

I ndomhan ceoil an lae inniu a bhíonn ag athrú go sciobtha, tá teicneolaíochtaí digiteacha tar éis an chaoi a gcruthaítear, a dtaibhítear agus a n-éistear leis an gceol a athrú ó bhonn. Baineann scoláirí tairbhe as an teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun ceol a chruthú, a chóiriú, a thaifeadadh, a léiriú, a chur in eagar agus a chomhroinnt, ag cothú na cruthaitheachta agus ag forbairt an hinniúlachta teicniúla. Léiríonn an tsonraíocht cleachtais chomhaimseartha agus aithníonn sé go gcasann agus go dtugann scoláirí aghaidh ar an gceol ar bhealaí éagsúla.

Is féidir leis an gceol scoláirí a chumasú chun cur lena bpobail féin ar bhealach fiúntach. Ullmhaítear na scoláirí do róil éagsúla i ndomhan an cheoil agus do réimse deiseanna gairmeacha níos leithne mar gheall ar aghaidh a thabhairt ar an gceol. Forbraíonn an ceol scileanna fad saoil chun na healaíona a léirthuisint, aghaidh a thabhairt orthu agus taitneamh a bhaint astu lasmuigh den seomra ranga.

Aidhmeanna

Is iad na haidhmeanna atá le sonraíocht Cheol na hArdteistiméireachta ná chun na tréithe seo a leanas a fhorbairt sna scoláirí:

- an cumas chun cumarsáid éifeachtach a dhéanamh mar cheoltóirí trí na trí mhodh rannpháirtíochta chomhtháite: Cruthú agus Iniúchadh; Taibhiú agus Déanamh Ceoil; Éisteacht, Tabhairt Breithmheasa agus Freagairt.
- eolas, tuiscint agus taitneamhacht an cheoil mar a éistear leis ina saol laethúil agus sa domhan thart timpeall orthu.
- an inniúlacht aghaidh a thabhairt ar réimse éagsúil de stíleanna ceoil agus chunfeasacht agus léirthuisicint na scoláirí ar chomhthéacsanna stairiúla, pearsanta, polaitiúla, sóisialta agus cultúrtha a threisiú.
- an inniúlacht chun smaointe, mothúcháin, cuimhnimh, giúmar agus atmaisféar a chruthú agus a chur in iúl trí mheán an cheoil i gcomhthéacsanna éagsúla.
- na scileanna chun bheith cruthaitheach agus nuálach trí eispéiris foghlama aonair agus comharfhoghlama.

Leanúnachas agus dul chun cinn

Cuireann Ceol na hArdteistiméireachta leis an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a eascraíonn as oideachas na bhfoghlaimoirí ón gcóras luath-óige go dtí curaclam na sraithe sóisearaí agus cuireann sé leanúnachas agus dul chun cinn ar fáil in oideachas ceoil, cé nach gá go mbeadh staidéar déanta ag scoláirí ar Cheol na sraithe sóisearaí sula ndéanfaidís staidéar ar Cheol na hArdteistiméireachta.

An tSraith Shóisearach

Déantar cur síos ar an bhfoghlaim atá i gcroílár na sraithe sóisearaí sna Ráitis Foghlama, a bhfuil baint ag cuid acu leis an gceol. Áirítear orthu sin cruthú, léirithiú agus cur i láthair an cheoil agus an phíosa, úsáid na smaointe ceoil chun an saol agus an saol sa phobal a léiriú, patrúin agus caidrimh i gceol a thuiscint agus smaoineamh a thógáil ar aghaidh ó cheapadh go réadú. Nascann agus tacaíonn neart ábhar sa tsraith shóisearach leis an bhfoghlaim i gCeol na sraithe sóisearaí, amhail Matamaitic, Amharc-ealaín, Stair agus Béarla. Is féidir go bhfuil taithí ag na scoláirí ar an bhfoghlaim cheoil trí ghearrchúrsa na sraithe sóisearaí seo sa Taibhiú Ealaíne ina dtugtar an deis do na scoláirí aghaidh a thabhairt ar na healaíona trí thaibhiú ealaíne a phleanáil agus páirt a ghlacadh ann.

Tá sé mar aidhm ag sonraíocht Cheol na Sraithe Sóisearaí cur le forbairt na feasachta agus na tuisceana ealaíonta, féinléiriú, féinmhuinín, samhlaíocht agus íogaireacht ilchultúrtha.

Forbraíonn na scoláirí an t-eolas, na scileanna agus an tuiscint atá riachtanach chun ceol a chruthú, a thaibhiú agus breithmheas a thabhairt air, ceol arb é a gceol féin é agus ceol daoine eile. Baintear amach foghlaim na scoláirí i gCeol na Sraithe Sóisearaí trí na trí shnáithe atá ceangailte le chéile a chuireann ar chumas na scoláirí a gcuid samhlaíochta, cruthaitheachta, acmhainne ceoil agus tuisceana ar an gceol i gcomhthéacs a fhiosrú go hiomlán. Leagtar béim ar chruthú agus iniúchadh a chomhtháthú, rannpháirtíocht agus déanamh ceoil, agus freagra agus breithmheas a thabhairt, rudaí atá bunriachtanach d'fhoghlaim na scoláirí chun bheith ina gceoltóirí agus iad féin mar cheoltóirí a réadú.

I ndiaidh na sraithe sinsearaí

Déanann na hinniúlachtaí a bhíonn á bhforbairt ag na scoláirí trí aghaidh a thabhairt ar Cheol na hArdteistiméireachta tairbhe dóibh ina saol fásta ar go leor bealaí. Is féidir le scoláirí cur go gníomhach leis trí rannpháirtíocht ina bpobal áitiúil, sa tsochaí agus trí fhostaíocht. Le linn an dá bhliain staidéir, forbraíonn na scoláirí go leor scileanna inaistrithe luachmhara amhail an chruthaitheacht, obair foirne agus cumarsáid a tharraingíonn aird ar ilúsáideacht agus infheidhmeacht leathan na foghlama sa Cheol. Is féidir le staidéar ar Cheol na

hArdteistiméireachta bunús a thabhairt do scoláirí chun tabhairt faoi go leor gairmeacha iontacha agus tairbheacha sa cheol agus sna healaíona. Orthu sin tá cumadóir, amhránaí, oideoir ceoil, taibheoir, innealtóir fuaime, stiúrthóir, tionscnóir imeachtaí, teiripeoir ceoil agus stiúrthóir ceoil. I measc na réimsí gairme féideartha eile, tá teicneolaíocht, léiriúchán, margaíocht agus na meáin chruthaitheacha.

Foghlaim an scoláire sa tsraith shinsearach

Cuimsítear le foghlaim an scoláire sa tsraith shinsearach, gach rud a fhoghlaimíonn na scoláirí **laistigh** de na hábhair agus na modúil a nglacann siad páirt iontu **agus** gach rud a fhoghlaimíonn na scoláirí ag a bhfuil baint lena n-eispéiris sraithe sinsearaí **ar fad**. Is é an príomhaidhm anseo ná go mbeidh gach scoláire níos saibhre, níos rannpháirtí agus níos inniúla mar dhaoine ag deireadh na sraithe sinsearaí ná mar a bhí siad sular thosaigh siad an tsraith shinsearach.

Ar mhaithe le soiléireacht, tugtar breac-chuntas faoin teideal ‘príomhinniúlachtaí’ ar an bhfoghlaim a bhaineann lena n-eispéiris **ar fad** sa tsraith shinsearach. Tugtar breac-chuntas ar an bhfoghlaim a tharlaíonn **laistigh** d’ábhar nó modúl sonrach faoin gceannteideal ‘snáitheanna agus torthaí foghlama’. Ach tá sé ríthábhachtach a aithint go bhforbraítear príomhinniúlachtaí agus foghlaim ábhair nó mhodúil go comhtháite. Tá na príomhinniúlachtaí comhtháite ar fud na réasúnaíochta, na n-aidhmeanna, na dtorthaí foghlama agus ar fud ranna measúnaithe na sonraíochtaí. Go praiticiúil, is iad na scoláirí a fhorbraíonn príomhinniúlachtaí ar scoil trí na hoideolaíochtaí a úsáideann múinteoirí, agus an timpeallacht a fhorbraíonn siad ina seomraí ranga agus laistigh dá scoil. D’fhéadfadh na hábhair a bheith cabhrach do scoláirí a bpríomhinniúlachtaí a fhorbairt; agus is féidir leis na príomhinniúlachtaí foghlaim ábhair níos doimhne a fheabhsú agus a éascú. Nuair a tharlaíonn an comhtháthú seo, bainfidh na scoláirí tairbhe as:

- le linn agus i gcaitheamh na sraithe sinsearaí
- le linn dóibh aistriú chuig gnéithe éagsúla i mbreisoideachas, oideachas aosach agus an t-ardoideachas, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna agus fostaíocht, agus
- ina saol mar dhaoine fásta le linn dóibh caidrimh a bhunú agus a chothú le réimse leathan daoine ina saol agus páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí.

Nuair a dhéanann múinteoirí agus scoláirí ceangail idir modhanna teagaisc a bhíonn in úsáid don scoláire, na hinniúlachtaí atá á bhforbairt acu agus na bealaí ar féidir leis na hinniúlachtaí sin foghlaim shainiúil ábhair na scoláirí a dhoimhniú, éiríonn na scoláirí níos feasaí ar na bealaí ar fad a gcuireann a n-eispéiris ar fud na sraithe sinsearaí lena bhforbairt iomlánaíoch mar dhaoine.


Príomhinniúlachtaí

Is scáth-théarma é *Príomhinniúlachtaí* ina ndéantar tagairt don eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a fhorbraíonn na scoláirí ar bhealach imeasctha le linn na sraithe sinsearaí.



Fíor 1: Comhpháirteanna na bpríomhinniúlachtaí agus an tionchar inmhiannaithe atá acu.

Tugtar breac-chuntas ar an eolas a bhaineann go sonrach leis an ábhar seo thíos faoin teideal ‘snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama’. Comhtháthaítear an t-eolas eipistéimeach ar fud na n-ábhar agus na modúl sna príomhinniúlachtaí.



Fíor 2: Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach, a dtacaíonn litearthachtaí agus uimhearthacht leo.

Tá na hinniúlachtaí seo nasctha agus is féidir iad a thabhairt le chéile; agus is féidir leo foghlaim fhoriomlán na scoláirí a fheabhsú: is féidir leo cabhrú le scoláirí agus le múinteoirí chun ceangail fhiúntacha a dhéanamh idir agus thar réimsí foghlama difriúla; agus baineann tábhacht leo ar fud an churaclaim.

Cuireann forbairt litearthachtaí agus uimhearthacht na scoláirí le forbairt na n-inniúlachtaí agus an bealach eile thart. Tacaítear leis na príomhinniúlachtaí nuair a dhéantar litearthacht agus uimhearthacht na scoláirí a fhorbairt go maith agus nuair is féidir leo dea-úsáid a bhaint as uirlisí éagsúla, teicneolaíochtaí ina measc, chun tacú lena gcuid foghlama.

Cuirtear beocht sna príomhinniúlachtaí trí na heispéiris foghlama agus na hoideolaíochtaí a roghnaíonn múinteoirí agus trí fhreagairtí na scoláirí orthu. Is féidir agus ba cheart go gcabhrófaí leis na scoláirí a gcuid príomhinniúlachtaí a fhorbairt, beag beann ar a gcúlra, ar a gcuid cúinsí nó ar a gcuid eispéireas, faoi láthair nó roimhe seo, agus ba cheart go mbeadh neart deiseanna acu a bpríomhinniúlachtaí a léiriú. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na príomhinniúlachtaí ar fáil ar <https://ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach/athfhorbairt-na-sraithe-sinsearaí/príomhinniúlachtaí-an-scolaire/>

Is féidir na príomhinniúlachtaí a fhorbairt i gCeol na hArdteistiméireachta ar bhealaí éagsúla.

Rud atá lárnach don eispéireas a bhíonn ag na scoláirí i gCeol na hArdteistiméireachta ná **bheith cruthaitheach** agus cinntí cruthaitheacha a dhéanamh. Bíonn na scoláirí cruthaitheach trí pháirt a ghlacadh in eispéiris chultúrtha agus foghlaim ó phíosaí ceoil cruthaitheacha. Comhcheanglaíonn scoláirí smaointe ceoil atá ann cheana chun feabhas a chur ar a gcuid coincheap ceoil, smaointe agus próiseas cruthaitheach féin. Tugann an t-ábhar deiseanna éagsúla do scoláirí chun smaointe a chur i ngníomh, agus smaointe, saothair chruthaitheacha, taibhithe, próisis agus déantúsáin úra a chruthú.

Spreagann an ceol na scoláirí le bheith fiosrach, leathanaigeanta, fiontrach agus samhlaíoch. Iarrann an t-ábhar ar scoláirí a bheith spráúil agus toilteanach chun dul sa seans ar bhealach cuí i dtóraíocht na foghlama. Baineann scoláirí triail as rudaí éagsúla chun tascanna agus cásanna a fhreagairt. Foghlaimíonn na scoláirí le bheith compordach leis an débhríocht agus leis an éiginnteacht de réir mar a bhíonn an inniúlacht chruthaitheach atá acu á forbairt, agus bealaí fós á n-aimsíú acu le dul chun cinn a dhéanamh. Forbraíonn na scoláirí caighdeáin inmheánacha maidir le cé chomh maith is atá a gcuid oibre agus obair daoine eile, agus déanann siad machnamh rialta ar a gcuid cruthaitheachta agus próisis chruthaithigh féin.

Is gné bhunúsach d'fhoghlaim an ábhair í an **chumarsáid** a dhéanamh leis an gceol agus tríd an gceol. Is ann don cheol chun é a thaibhiú, a chomhroinnt le daoine eile agus chun éisteacht

leis. Tá an cumas ag an gceol smaoineamh, mothúchán, giúmar nó atmaisféar a chur in iúl ar bhealaí gur minic nach féidir le focail amháin a dhéanamh. I gCeol na hArdteistiméireachta, forbraíonn agus cuireann scoláirí a gcuid **litearthachta agus uimhearthachta** in iúl trí thuiscint ar fhocail, siombailí, uimhreacha, teanga, fuaimeanna, gluaiseacht, uirlisí, meáin agus téacsanna atá ag neartú. Glacann na scoláirí páirt in éisteacht ghníomhach, breathnú agus léamh aireach agus freagairt fhiúntach.

Is éard atá i gceist leis an gceol ná go ndéanann scoláirí cumarsáid trí úsáid a bhaint as uirlisí éagsúla lena n-áirítear uirlisí, guthanna, trealamh, ábhair agus teicneolaíocht. Cuireann scoláirí tuilleadh lena gcumas cumarsáide trí bheith feasach ar chuspóir agus spriocluacht éisteachta a gcuid ceoil agus trí théacsanna, déantúsáin agus taibhithe a chruthú, a dhearadh agus a chumadh don lucht éisteachta sin.

Nuair a bhíonn teagmháil ag scoláirí le réimse ceoil agus cumarsáid á déanamh trí mheán an cheoil i stíleanna éagsúla, spreagtar iad chun bheith solúbtha agus oscailte do dhearcthaí éagsúla. Forbraíonn scoláirí tuiscint ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag ton, gothaí, comharthaíocht choirp agus mothúcháin ar an gcumarsáid. Spreagtar na scoláirí chun machnamh a dhéanamh ar an méid a dhéanann siad go maith agus an méid a d'fhéadfaidís a dhéanamh níos fearr agus iad i mbun cumarsáide.

Spreagtar na scoláirí chun oibriú le daoine eile i réimse comhthéacsanna i seomra ranga an cheoil. Is éard atá i gceist le **hobair le daoine eile** ná socrú ar rudaí mar ghrúpa agus a bheith ag comhoibriú chun spriocanna comhroinnte a bhaint amach. Glacann na scoláirí le ról éagsúla, lena n-áirítear ról ceannais a ghlacadh ó am go chéile agus cur le hobair an ghrúpa ar bhealach fiúntach. D'fhéadfadh go ndéanfaí é sin trí mheán na dtascanna cruthaitheacha, freagra agus breithmheas a thabhairt ar ghníomhaíochtaí, trí thaibhiú mar bhall grúpa nó mar bhall den lucht éisteachta.

Cabhraíonn obair le daoine eile le tuiscint ar ghrúpdhinimic a threisiú, le bheith in ann ligean chugat agus uait agus ionramháil a dhéanamh ar dhifriochtaí ó thaobh tuairimí agus cuir chuige de. Oibríonn an inniúlacht seo go dlúth leis an gcumarsáid agus scoláirí ag foghlaim le idirghníomhú go heiticiúil, tuiscint a fháil ar an rannpháirtíocht mhothúchánach a bhíonn ag teastáil chun bheith ag obair go maith le daoine eile agus déileáil le dúshlán mhothúchánacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

Cothaíonn Ceol na hArdteistiméireachta forbairt na n-inniúlachtaí a bhaineann le **smaointeoireacht agus réiteach fadhbanna** trí eolas, smaointe, teoiricí agus coincheapa ceoil a fháil ó áiteanna difriúla agus iad a úsáid ina gcuid oibre féin. Fiosraíonn scoláirí faisnéis,

patrúin, treochtaí, ceangail agus caidrimh i gceol chun tuiscint níos doimhne a fháil agus mínithe níos fearr a chur le chéile. Smaoiníonn siad agus réitíonn siad fadhbanna trí thuiscint, anailísiú, sintéisiú, meastóireacht, léirmhíniú agus cruthú. Bíonn scoláirí leathanaigeanta, tuairimeach, ar thóir dearcthaí éagsúla agus ag fiosrú féidearthachtaí iomadúla.

Tacaíonn Ceol na hArdteistiméireachta le scoláirí chun an phríomhinniúlacht de **bheith rannpháirteach sa tsochaí** a fhorbairt ina gcuid scoileanna, ina bpobail agus sa tsochaí i gcoitinne. Tugann an ceol deis do na scoláirí chun a gcuid smaointe féin a fhorbairt agus a chur in iúl, chun fadhbanna stairiúla, pearsanta, polaitiúla, sóisialta agus cultúrtha a iniúchadh agus a fhiosrú, agus chun éisteacht le saothair agus chun a gcuid smaointe ceoil féin a chruthú a raibh dúshlán phearsanta nó shochaíocha mar údar inspioráide leo.

Spreagann an ceol scoláirí chun inniúlachtaí a fhorbairt a bhaineann le **foghlaim agus an féin a bhainistiú** agus **folláine a chothú**. Tugann na scoláirí aghaidh ar ghníomhaíochtaí a éilíonn orthu roghanna a dhéanamh agus spriocanna foghlama pearsanta a leagan síos. Tá scoláirí ag bainistiú na foghlama agus iad féin trí bhealaí a oibriú amach le castacht agus éiginnteacht a fhreagairt agus trí bheith solúbtha, inoiriúnaithe agus toilteanach chun foghlaim ó bhotúin. Cuireann seomra ranga cheol na hArdteistiméireachta spás ionchuimsitheach agus tacúil ar fáil ina mbíonn tuiscint ar bhrí agus ar chuspóir ag scoláirí agus inar féidir leo a gcuid féinmhuiníne a fhorbairt.

Snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama

Ceapadh an tsonraíocht do Cheol na hArdteistiméireachta le haghaidh 180 uair an chloig ar a laghad d'am ranga.. Leagtar struchtúr na sonraíochta amach in dhá snáithe atá ceangailte le chéile.

- Smaointe Ceoil a Fhiosrú agus a Chur in Iúl
- Ceol i gComhthéacs: San Am a Caitheadh agus san Am i Láthair

Tá na snáithí fite fuaite lena chéile agus ba cheart go ndéanfaí staidéar orthu ag an am céanna seachas astu féin nó in ord líneach. Tá an fhoghlaím ón dá shnáithe comhthreisithe.

Cabhróidh an méid a foghlaimíodh i Snáithe 1: Smaointe Ceoil a Fhiosrú agus a Chur in Iúl, leis an bhfoghlaim i Snáithe 2: Ceol i gComhthéacs: San Am a Caitheadh agus san Am i Láthair a fhorbairt agus tacú léi agus vice versa.


Ní bhainfear amach na torthaí foghlama a shonraítear faoin dá shnáithe in aon eispéireas foghlama amháin. Cuirfidh scoláirí lena gcuid inniúlachtaí trí theagmhálacha éagsúla arís agus arís eile le stíleanna éagsúla ceoil le linn an dá bhliain staidéir.

Tá trí mhodh rannpháirtíochta chomhtháite ann a aithnítear sa tsonraíocht:

- Cruthú agus Iniúchadh
- Taibhiú agus Déanamh Ceoil agus
- Éisteacht, Tabhairt Breithmheasa agus Freagairt

Bíonn gach modh rannpháirtíochta chomh tábhachtach lena chéile agus tá siad fite fuaite le linn na foghlama sa dá shnáithe. Le chéile, cinntíonn siad go bhfoghlaimíonn na scoláirí i gCeol na hArdteistiméireachta ar bhealach comhtháite. Foghlaimíonn na scoláirí lena gcuid inniúlachtaí a fhoghlaím agus a chur i bhfeidhm trí na róil éagsúla agus sholúbtha a bhaineann le bheith i do cheoltóir trí na modhanna rannpháirtíochta seo a chomhtháthú.

Léiríonn Fíor 3 an dá shnáithe atá ceangailte le chéile agus na trí mhodh rannpháirtíochta chomhtháite.



Fíor 3: Struchtúr shonraíocht Cheol na hArdteistiméireachta

Modhanna Rannpháirtíochta

Le linn a gcuid foghlama i gCeol na hArdteistiméireachta, faigheann scoláirí blaiseadh den mhéid atá i gceist le bheith i do cheoltóir i ndomhan an lae inniu trí mheán na dtrí mhodh rannpháirtíochta chomhtháite:

- Cruthú agus Iniúchadh,
- Taibhiú agus Déanamh Ceoil,
- Éisteacht, Tabhairt Breithmheasa agus Freagairt.

Tugann an comhtháthú sin deiseanna do scoláirí blaiseadh a fháil de chastacht na ról a dtugann ceoltóir aghaidh orthu agus cothaíonn sé forbairt meoin ceoil. Le chéile, cuireann siad tuiscint níos doimhne chun cinn agus tugann siad deiseanna do scoláirí chun an chaoi le bheith ina gceoltóirí a fhoghlaim agus iad féin mar cheoltóirí a réadú.

Cruthú agus Iniúchadh

Díríonn Cruthú agus Iniúchadh ar fhorbairt tuisceana ar an gcaoi a gcruthaítear ceol mar aon leis an gcaoi a gcuirtear é le chéile agus in iúl. Tá cumasú na cumarsáide tríd an bhfuaim agus tríd an gceol mar aon le cothú an ghutha chruthaithigh lárnach don fhoghlaim sa tsonraíocht seo.

Le linn a gcuid foghlama, fiosraíonn agus déanann scoláirí iniúchadh ar ghnéithe ceoil trína oiriúnú, a chomhcheangal agus a ionramháil. I measc na ngnéithe ceoil, tá: buille, fad, luas, tuinairde, dinimic, tondath, téagar, struchtúr, stíl, tonúlacht agus ionstraimí¹. Forbraíonn na scoláirí smaointe úrnua ar bhonn aonair agus trí oibriú le daoine eile araon.

Fiosraíonn scoláirí an chaoi a gcuirtear rithim, séis agus armóin le chéile nuair atá siad ag cruthú agus ag iniúchadh mar aon leis an gcaoi a gcuirtear fuaimeanna i mullach a chéile agus iad ag oibriú le chéile chun téagar, struchtúr agus caidrimh armónacha a chruthú. Éisteann na scoláirí le ceol atá ann cheana agus tugann siad breithmheas air, ag forbairt léargais agus tuisceana ar chuspóirí na gcumadóirí. Baineann siad triail as smaointe ón gceol seo chun a gcuid píosaí féin a chruthú agus a fhorbairt.

Ní tharlaíonn cruthú agus iniúchadh leis an gceol gan gach rud a chur san áireamh. Éisteann na scoláirí leis an méid atá á chruthú acu ar bhonn leanúnach de réir mar a fhorbraíonn na scoláirí a gcuid smaointe – trí uirlis a sheinm, canadh nó guthú, úsáid a bhaint as teicneolaíocht dhigiteach nó meascán díobh siúd. Nuair a fhoghlaimítear ar an dóigh sin,

¹ Níl na ngnéithe seo saintreorach ná uileghabhálach, ná níl siad mar chuid de sheicliosta.

tacaítear leis na scoláirí chun a gcuid smaointe a fhorbairt i bhfíor-am ar an dóigh chéanna le cleachtais na gcumadóirí gairmiúla agus tacaíonn sé leis na scoláirí chun a gcuid smaointeoireachta ceoil a bheachtú.

Bíonn tabhairt breithmheasa, machnamh, beachtú, modhnú agus déanamh athruithe ar a gcuid smaointe mar chuid den chruthú agus iniúchadh. Forbraíonn agus tagann cruth ar smaointe na scoláirí le linn an phróisis atriallaigh seo.

Taibhiú agus Déanamh Ceoil

Tacaíonn taibhiú agus déanamh ceoil leis na scoláirí chun inniúlachtaí a fhorbairt chun tuiscint a fháil ar an gceol agus é a chur in iúl ar bhealach éifeachtach. Taibhíonn agus déanann scoláirí ceol os comhair lucht éisteachta². Glacann siad páirt i dtaibhiú agus i ndéanamh ceoil ar bhonn aonair agus le daoine eile.

Foghlaimíonn scoláirí lena gcuid smaointe cruthaitheacha úrnua a chur in iúl agus ceol de chuid cumadóirí, cóiritheoirí agus taibheoirí eile a léirmhíniú, a oiriúnú, a chóiriú agus éisteacht leis. Forbraíonn na scoláirí scileanna taibhithe, líofacht theicniúil agus smacht léiritheach ar an uirlis/na huirlisí acu agus/nó a nguth(anna), agus cuireann siad na scileanna sin i bhfeidhm i gcomhthéacsanna cleachta agus tobchumtha.

Trí mheán an taibhithe, léirmhíniúnn scoláirí gnéithe ceoil agus cuireann siad in iúl le smacht agus cruinneas teicniúil. Léiríonn siad tuiscint ar an gcomhthéacs ceoil, lena n-áirítear an stíl cheoil agus cuspóir agus rún na gcumadóirí agus na gcruthaitheoirí. Faigheann scoláirí tuiscint níos doimhne ar na héilimh a bhaineann le taibhiú agus iad ag cleachtadh agus ag beachtú a gcuid ceoil, ag déanamh machnaimh ar a gcuid buanna agus réimsí a d'fhéadfaí a fheabhsú. Tacaíonn an fhoghlaim seo le forbairt a gcuid dearchtaí ceoil, feabhsaíonn sí a gcuid scileanna taibhithe agus cuireann sé le muinín agus athléimneacht.

Éisteacht, Tabhairt Breithmheasa agus Freagairt

Aithnítear éisteacht fhorleathan leis an gceol ar mhaithe le tuiscint, agus ar mhaithe le pléisiúr mar cheann de ghnéithe bunúsacha an cheoil a bhféachtar lena leabú tríd an tsonraíocht seo. Tríd an modh rannpháirtíochta seo, forbraíonn scoláirí tuiscint ar: stíleanna ceoil; cuspóirí ceoil na gcumadóirí agus na gcóiritheoirí; agus an comhthéacs stairiúil, pearsanta, polaitiúil, sóisialta agus cultúrtha inar cruthaíodh an ceol. Éistean na scoláirí le ceol agus tugann siad

² Is féidir le comhscoláirí/piaráí nó múinteoir(i) a bheith mar chuid de lucht éisteacha.

breithmheas agus freagra air, ag forbairt agus ag léiriú an eolais agus na tuisceana ar ghnéithe ceoil, comhthéacsanna ceoil agus teanga cheoil atá acu a bhíonn ag méadú.

Sa mhodh rannpháirtíochta seo, forbraíonn na scoláirí scileanna éisteachta criticiúla nuair atá freagra agus breithmheas á thabhairt acu ar an gceol, ceol ar leo é agus ceol daoine eile araon. Ceapann, forbraíonn, cosnaíonn agus cuireann scoláirí a gcuid tuairimí in iúl maidir le ceol úrnua agus ceol atá ann cheana féin trí úsáid a bhaint as téarmaíocht chuí an cheoil.

Tugtar achoimre ghairid ar gach snáithe thíos, agus tábla ina ndiaidh. Sa cholún ar dheis, tá torthaí foghlama a dhéanann cur síos ar an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta ba cheart a bheith ar chumas na scoláirí i ndiaidh tréimhse foghlama. Sa cholún ar chlé, déantar cur síos ar réimsí ar leith faoina bhfoghlaimíonn na scoláirí. I dteannta a chéile, cuirfidh siad seo soiléireacht agus comhleanúnachas leis na codanna eile den tsonraíocht ar fáil.

Ba cheart go bhféadfadh gach scoláire na torthaí foghlama a bhaint amach, ar a leibhéal mianach agus cumas féin. Cuireann torthaí foghlama próisis teagaisc agus foghlama chun cinn a fhorbraíonn eolas, scileanna, luachanna agus meonta na scoláirí de réir a chéile, rud a chuireann ar a gcumas a bpríomhinniúlachtaí a chur i bhfeidhm ar chásanna difriúla de réir mar a théann siad chun cinn. Tabharfaidh scoláirí atá ag déanamh staidéar ar an gcúrsa Gnáthleibhéil agus ar an gcúrsa Ardleibhéil aghaidh chriticiúil ar an gCeol, ach beidh an comhthéacs, an fhaisnéis agus na torthaí a eascraíonn as an rannpháirtíocht sin éagsúil.

Tábla 1: Dearadh na dtorthaí foghlama ag Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal.

Gnáthleibhéal	Ardleibhéal
Tugann na scoláirí aghaidh ar gach ceann de na torthaí foghlama trí éisteacht chúramach agus smaointeoireacht chriticiúil nuair atá stíleanna ceoil éagsúla á sainaithint, ag tabhairt breithmheasa agus freagra ar an gceol ar a bhfuil staidéar á dhéanamh acu agus ceol ar a gcasann siad. Déanfaidh na scoláirí breithiúnais agus cinntí eolacha faoin gceoil le linn a gcuid foghlama trí úsáid a bhaint as téarmaíocht cheoil atá cruinn agus cuí.	Tugann na scoláirí aghaidh ar gach ceann de na torthaí foghlama ag tabhairt faoin éisteacht chriticiúil agus smaointeoireacht chriticiúil nuair atá stíleanna ceoil éagsúla á sainaithint, ag tabhairt breithmheasa agus freagra ar an gceol ar a bhfuil staidéar á dhéanamh acu agus ceol ar a gcasann siad. Déanfaidh na scoláirí breithiúnais agus cinntí thar a bheith eolach faoin gceol le linn a gcuid foghlama trí úsáid a bhaint as téarmaíocht cheoil atá cruinn agus cuí.
Tugann na scoláirí aghaidh ar réimse leathan d'eolas ceoil, ag léiriú tuiscana ar ghnéithe agus scileanna ceoil chun a gcuid ceoil féin a chruthú agus a nótaíl. Cuireann na scoláirí an t-eolas seo i bhfeidhm go héifeachtach nuair atá ceol á chruthú agus á chóiriú acu.	Tugann na scoláirí aghaidh ar réimse leathan d'eolas ceoil, ag léiriú tuiscint dhomhain ar ghnéithe agus scileanna ceoil chun a gcuid ceoil féin a chruthú agus a nótaíl. Cuireann na scoláirí an t-eolas seo i bhfeidhm ar bhealach thar a bheith éifeachtach nuair atá ceol á chruthú agus á chóiriú acu.
Léiríonn na scoláirí scileanna taibhithe go hinniúil nuair atá ceol á chur in iúl acu. Tacaíonn feasacht ar an stíl cheoil, an lucht éisteachta agus cuspóir an cheoil le tuiscint na scoláirí.	Léiríonn na scoláirí scileanna taibhithe go cumasach nuair atá ceol á chur in iúl. Tacaíonn mionfheasacht ar an stíl cheoil, an lucht éisteachta agus cuspóir an cheoil le tuiscint na scoláirí.

Leagann Aguisíní 1 agus 2 amach Gluais de Bhriathra Gnímh a úsáideadh sa tsonraíocht agus Gluais de Théarmaí a úsáideadh sna Torthaí Foghlama.

Snáithe 1: Smaointe Ceoil a Fhiosrú agus a Chur in Iúl

Forbraíonn scoláirí a nguth cruthaitheach agus réadaíonn siad iad féin mar cheoltóirí sa snáithe seo. Déanann na scoláirí é sin trí smaointe ceoil úrnua a fhiosrú, a fhorbairt agus a léiriú i stíleanna ceoil éagsúla. Fiosraíonn agus léiríonn scoláirí a gcuid cruthaitheachta agus samhlaíochta ceoil i gcomhthéacsanna aonair agus grúpa araon. Forbraíonn siad réimse scileanna cluaise, anailísíochta, teicniúla, digiteacha agus nodaireachta de réir mar a fhoghlaimíonn siad lena gcuid smaointe ceoil a chur le chéile, a eagrú agus cruth a chur orthu mar fhreagra ar spreagthaigh agus comhthéacsanna taibhithe éagsúla.

Is éard atá i gceist le smaointe ceoil a chruthú ná gnéithe ceoil a fhiosrú agus a iniúchadh lena n-áirítear: buille, fad, luas, tuinairde, dinimic, tondath, téagar, struchtúr, stíl, tonúlacht agus ionstraimí³. Feidhmíonn ceol dualgais agus neamhdhualgais mar fhoinsé shaibhir d'ábhar spreagtha óna bhfiosraíonn, roghnaíonn, oiriúnaíonn agus ionchorpraíonn scoláirí gléasanna cumadóireachta agus uirlise, ina gcuid oibre féin. Foghlaimíonn na scoláirí lena gcuid smaointe ceoil a dhréachtú, a athdhréachtú agus a chur in eagar.

Taibhíonn agus athsheinneann na scoláirí a gcuid smaointe le huirlisí, guthanna, foinsí fuaime, teicneolaíocht dhigiteach nó meascán díobh siúd nuair atá a gcuid smaointe ceoil á bhfiosrú agus á gcur in iúl. Nuair a fhoghlaimítear ar an dóigh sin, forbraítear feasacht chluaise agus cinntítear go mbíonn an próiseas cruthaitheach tarraingteach, fiúntach agus barántúil do na scoláirí ar fad.

Éiríonn litearthacht uirlise, gutha agus digiteach na scoláirí níos sofaisticiúla le linn a gcuid foghlama. Déanann scoláirí cinntí níos eolaí agus níos tomhaiste maidir lena dtreo cruthaitheach, ag cosaint agus ag cur a gcuid roghanna cumadóireachta in iúl le muinín a bhíonn ag ardú. Forbraíonn na scoláirí a gcuid litearthachta ceoil agus úsáideann siad teanga cheoil agus cleachtais nodaireachta cuí chun a gcuid smaointe a dhoiciméadú, a chur in iúl agus cur síos a dhéanamh orthu. Forbraíonn na scoláirí tuiscint ar na cleachtais eiteiciúla agus fhreagracha atá ábhartha dá gcuid ceoil.

Táthar ag súil le go mbeidh scoláirí a thugann faoin gcúrsa Gnáthleibhéil in ann ceol a chruthú i ngléaschomharthaí suas le dhá ghéar agus dhá mhaol i mórghléasanna agus mionghléasanna araon. Táthar ag súil le go mbeidh scoláirí a thugann faoin gcúrsa Ardleibhéil in ann ceol a chruthú i ngléaschomharthaí suas le ceithre ghéar agus ceithre mhaol i mórghléasanna agus mionghléasanna araon. Níl na paraiméadair seo beartaithe chun srian a chur le rannpháirtíocht cheol na scoláirí le linn an dá bhliain staidéir. Ba cheart go spreagfaí scoláirí a

³ Níl na gnéithe seo saintreorach ná uileghabhálach, ná níl siad mar chuid de sheiciosta.

thugann faoin gcúrsa Gnáthleibhéil agus Ardleibhéil araon chun ceol a leathnaíonn thar na paraiméadair sin, nuair is cuí, a chruthú, a iniúchadh, a thaibhiú, éisteacht leis agus breithmheas agus freagra a thabhairt air. Anuas air sin, beifear ag súil le go dtabharfaidh gach scoláire aghaidh ar an gceol dualgais ar fad, lena n-áirítear ceol a leathnaíonn thar na paraiméadair sin.

Snáithe 1: Torthaí foghlama

Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí:
Údair mhachnaimh agus iad ag taibhiú, lena n-áirítear: • cruinneas agus comhsheasmhacht tuinairde • cruinneas agus comhsheasmhacht rithimeach • luas cuí • deaslámhacht theicniúil • smacht ar uirlis agus/nó guth • iontonú • cáilíocht toin • teicnící léiritheacha agus fuaimniú • an chaoi le rithim, séis agus armóin le tionlacan a thaibhiú • cumarsáid agus léirmhíniú ceoil le tuiscint chuí ar stíl • deiseanna agus dúshláin i dtaibhiú aonair • an chaoi le taibhiú a léiriú agus machnamh a dhéanamh air Údair mhachnaimh bhreise nuair atá taibhiú ar siúl mar chuid de ghrúpa, lena n-áirítear: • taibhiú aoncheoil • taibhiú in dhá chuid nó níos mó • an chaoi le cur le grúpa ar bhealach fiúntach agus ceolmhar • an chaoi le cothromaíocht, cumasc agus tiúnáil a choinneáil • an chaoi le seasamh chun tosaigh nó bheith i gceannas ar ghrúpa ó am go chéile, ag tosú nó ag stopadh píosa nó ag treorú an aistrithe idir píosaí • deiseanna agus dúshláin nuair atá taibhiú ar siúl mar chuid de ghrúpa	1.1 Réimse de scileanna taibhithe a thaispeáint. 1.2 Na scileanna taibhithe atá riachtanach chun ceol a chur in iúl go héifeachtach a leagan amach.
An chaoi le líne aonair shéise a chur le chéile d'uirlis(i) agus do ghuth(anna): • in amchomharthaí simplí agus in amchomharthaí comhshuite • i mórghléaschomharthaí agus mionghléaschomharthaí • d'uirlisí agus cineálacha gutha éagsúla • úsáid a bhaint as réimse cuí agus cumas na huirlise/na n-uirlisí agus an ghutha/na nguthanna	1.3 Líne aonair shéise a chruthú agus a thaibhiú nó a athsheinm d'uirlisí agus do ghuthanna.

• úsáid a bhaint as cóiriú/péinteáil focal chuí • le teicnící taibhithe agus léiritheacha sa bhreis • a bhfuil modhnú san áireamh leis⁴ • úsáid a bhaint as formáidí nodaíreacha traidisiúnta agus digiteacha • úsáid a bhaint as struchtúir agus foirmeacha bunaithe • úsáid a bhaint as gléasanna cumadóireachta ó cheol dualgais agus ceol neamhdhualgais	
An chaoi le tobchumadh trí úsáid a bhaint as: • guth(anna), uirlis(i), cnagcheol colainne nó foinsí fuaime eile • patrúin rithimeacha i réimse amchomharthaí • tuinairdí, smaointe séiseacha nó móitífeanna gearra i ngléaschomharthaí éagsúla • réimnithe cordaí • struchtúir bhunaithe • ábhar spreagthaigh	1.4 Tobchumadh chun píosa ceoil a chruthú a bhfuil rithim, séis agus armóin mar chuid de.
An chaoi le míreanna rithimeacha a amharcléamh: • in amchomharthaí simplí agus comhshuite An chaoi le míreanna séiseacha a amharcléamh: • in amchomharthaí simplí agus comhshuite • i mórghléasanna agus i mionghléasanna • do ghuthanna agus uirlisí éagsúla • le teicnící taibhithe agus léiritheacha An chaoi le cordaí a amharcléamh: • in amchomharthaí simplí agus comhshuite	1.5 Ceol a thaibhiú trí amharcléamh trí mhíreanna agus cordaí rithimeacha agus séiseacha a sheinm, a chanadh nó bosa a bhualadh dó.

⁴ Ba cheart go bhforbródh gach scoláire a thugann aghaidh ar Cheol na hArdteistiméireachta tuiscint ar an modhnú agus an éifeacht a bhíonn aige ar struchtúr ceoil agus armóin. Ní bheidh ar scoláirí a thugann faoin gcúrsa Gnáthleibhéil modhnú a chur san áireamh le tascanna cumadóireachta. Éilítear ar scoláirí a thugann faoin gcúrsa Ardleibhéil línte aonair séise a chruthú a léiríonn modhnú do mhórghléasanna ceannasacha coibhneasta agus mionghléasanna coibhneasta i dtascanna cumadóireachta.

• i mórghléasanna agus i mionghléasanna • le teicnící taibhithe agus léiritheacha	
Scríobh líne aonair séise i stíl an damhsa thraidisiúnta Ghaelaigh: • Ríl • Port dúbailte • Port luascach	1.6 Líne aonair shéise a chruthú agus a thaibhiú/athsheinm i stíl rithime, méadair nó foirme damhsa thraidisiúnta Ghaelaigh áirithe.
Bealaí chun tionlacan a chur le líne aonair shéise lena n-áirítear: • tionlacan rithimeach • tionlacan a úsáideann gléasanna cumadóireachta: forshéis, ostinato, canóin, seicheamh, aithris • frithshéis • guthanna tacaíochta • dordlíne ag teacht le stíl an cheoil • cordaí oiriúnacha ag teacht le stíl an cheoil • stíleanna tionlacain a úsáidtear i gceol dualgais	1.7 Tionlacan rithimeach, séiseach agus armónach le líne aonair shéise a chumadh, a thaibhiú agus a athsheinm.
An chaoi ar féidir an teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun ceol a chruthú, a chur in eagar, a thaifeadadh, a chomhroinnt agus a athsheinm lena n-áirítear: • fuaim/uirlis(í)/guth(anna) beo a thaifeadadh • teicnící micreafóin agus suíomh an mhicreafóin • aísfhotha agus an chaoi le cosc a chur air • fuaimeanna a iompórtáil • fuaimeanna a leagan • rian(ta) a chur le chéile • eagarthóireacht a dhéanamh ar fhuaim: fuaimeanna a ghearradh, a bhogadh, a lúbadh agus a choigeartú chun an rian a fheabhsú • fuaimeanna a aimsiú agus a iompórtáil, lena n-áirítear samplaí agus lúba. • úsáid fhreagrach a bhaint as sampláil agus ceadanna • leibhéil airde, cothromú (EQ) agus comhpháirteanna cothromúcháin a choigeartú	1.8 Réimse teicnící a thaispeáint, trí úsáid a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach, chun piosa ceoil a chruthú, a chur in eagar, a thaifeadadh agus a chomhroinnt. 1.9 Rithim, séis agus armóin le fuaimrian taca a chleachtadh agus a thaibhiú.

• ceol a easpórtáil agus a chomhroinnt i bhformáid dhigiteach Timpeallacht fuaime atá cothrom, soiléir agus rialaithe a bhunú. Na deiseanna, srianta agus dúshláin a bhaineann leis an teicneolaíocht chun ceol a chomhroinnt.	
Éifeachtaí próiseála: • Aisfhuaimniú • Peanáil • Moilliú • Cothromú • Comhbhrú • Saobhadh • Curfá • Uathoibriú Éifeachta	1.10 Éifeachtaí próiseála i gceol beo agus ceol taifeadta a shainaithint agus cur síos a dhéanamh orthu trí aireachtáil chluaise. 1.11 Éifeachtaí próiseála a chur i bhfeidhm ar cheol úrnua nó taifeadtaí agus tionchar na n-éifeachtaí a úsáideadh a mheas.
Úsáid a bhaint as teanga an cheoil chun a gcuid cinní cumadóireachta cruthaitheacha a chosaint.	1.12 Cur síos achomair a dhéanamh ar ról an cheoil a chruthaíonn siad agus a gcuid roghanna cumadóireachta cruthaitheacha a chosaint.
Cóipcheart ceoil agus an chaoi a mbaineann sé le comhroinnt agus foilsiú ceoil: • Céard is cóipcheart ann • Céard é a chosnaíonn/nach gcosnaíonn cóipcheart • Cearta taibhithe • Ceol agus cearta atáirgthe • Fearann poiblí • Eagraíochtaí gairmiúla in Éirinn a bhainistíonn cóipcheart do cheoltóirí • Sruthanna ioncaim do cheoltóirí agus dleachtanna • Sárú cóipchirt	1.13 Céard is cóipcheart ann agus an chúis a bhfuil sé tábhachtach i dtionscal an cheoil a mhíniú. 1.14 Na céimeanna atá riachtanach chun cóipcheart a fháil ar cheol úrnua a leagan amach.

Snáithe 2: Ceol i gComhthéacs: San am a caitheadh agus san am i láthair

Sa snáithe seo, forbraíonn scoláirí tuiscint ar na príomhghnéithe agus na tionchair chomhthéacsúla ar réimse leathan de stíleanna ceoil. Cabhraíonn an tuiscint sin le cruth a chur ar chumas na scoláirí chun ceol a chruthú, a thaibhiú, mar aon le breithmheas agus freagra a thabhairt air ar bhealach fiúntach.

Déanann scoláirí iniúchadh ar an gceol a bhaineann le mothúcháin, mothú, amanna, áiteanna agus grúpaí sóisialta. Comhroinneann agus pléann na scoláirí samplaí ceoil a chuala siad sa bhaile, ar scoil agus sa phobal i gcoitinne. Forbraíonn siad tuiscint ar ghnéithe stairiúla, pearsanta, polaitiúla, sóisialta agus cultúrtha an cheoil agus faigheann siad léargas ar chuspóir, rún agus tionchar an cheoil ar fud comhthéacsanna agus timpeallachtaí éagsúla.

Tá sé mar aidhm ag an snáithe seo an fhiosracht, taitneamhacht agus pléisiúr a bhaineann le taibhiú an cheoil, éisteacht leis agus aghaidh a thabhairt air a chothú. Tugann na scoláirí aghaidh ar cheol ó chomhthéacsanna stairiúla agus comhaimseartha araon. Tugann siad breithmheas agus freagra ar an gceol, agus éistean siad leis, ó liosta ceoil dualgais, chomh maith le repertoire arna roghnú go comhoibríoch ag scoláirí agus múinteoirí. Cuirfidh an liosta ceoil dualgais scoláirí ar an eolas faoi cheol ó réimse leathan de stíleanna, cineálacha agus seánraí ceoil. Anuas ar an liosta ceoil dualgais, tabharfaidh scoláirí aghaidh ar cheol eile sa seomra ranga a thabharfaidh blaiseadh de stíleanna, cineálacha agus seánraí ceoil breise do scoláirí, agus blaiseadh de cheol a léiríonn réimsí spéise na scoláirí féin. Éistean scoláirí le ceol agus tugann siad breithmheas agus freagra ar an gceol a n-éistean siad leis; roghnaíonn agus taibhíonn siad sleachta gearra ón gceol seo; agus úsáideann siad an ceol seo mar ábhar spreagthaigh i dtascanna cruthaitheacha a leagtar amach i dtorthaí foghlama sa snáithe seo agus i Snáithe 1: Smaointe Ceoil a Fhiosrú agus a Chur in lúl chomh maith.

Ba cheart go dtosódh rannpháirtíocht leis an repertoire ceoil trí aireachtáil chluaise.

Forbraíonn scoláirí tuiscint níos doimhne agus níos iomasaí ar repertoire ceoil trí dhíriú ar an éisteacht chriticiúil, inmheánú fuaimeanna, struchtúir agus patrúin, ag foghlaim leis an méid a chloiseann siad a thaibhiú, a iniúchadh agus aithris a dhéanamh air. Déanfaidh na scoláirí fiosrúchán, iniúchadh agus comparáid ar an gcaoi a gcuirtear gnéithe stíleacha, gnéithe ceoil, cumadóireacht, teicnící uirlise agus gutha i bhfeidhm ar bhealaí éagsúla chun críocha difriúla ar fud stíleanna ceoil éagsúla. Ceapann na scoláirí freagraí trí úsáid a bhaint as teanga chuí an cheoil de réir mar a fhoghlaimíonn siad an chaoi le breithmheas agus freagra a thabhairt ar an gceol.

Sa snáithe seo, déanann na scoláirí critíc ar thaibhithe beo agus taifeadta araon agus baineann siad úsáid as an méid atá foghlamtha acu chun machnamh a dhéanamh ar a gcuid cleachtas ceoil mar aon le feabhas a chur orthu agus eolas a dhéanamh dóibh. Táthar ag súil le go bhfreastalódh scoláirí a thugann faoi Cheol na hArdteistiméireachta ar thaibhiú ceoil beo amháin ar a laghad le linn an staidéir a dhéanann siad ar an ábhar.

Snáithe 2: Torthaí foghlama

Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí:
Freagra sothuigte agus eolach ar phíos ceoil a chur le chéile. Úsáid a bhaint as teanga an cheoil chun breithmheas agus freagra a thabhairt ar an gceol. An chaoi le breithmheas agus freagra a thabhairt ar an gceol, agus é a chur i gcomparáid trí aireachtáil chluaise agus amhairc: • gnéithe stíleacha • teicnící cumadóireachta • uirlisí agus teicnící uirlise • guthanna agus teicnící gutha • teicnící taibhithe An chaoi le tacaíocht a thabhairt dá bhfreagraí le fianaise agus tagairt don cheol.	2.1 Éisteacht leis an gceol, breithmheas agus freagra a thabhairt air trí úsáid a bhaint as teanga chuí an cheoil.
An caidreamh atá idir ceol agus an comhthéacs ina bhfuil sé, lena n-áirítear: • comhthéacsanna stairiúla, pearsanta, polaitiúla, sóisialta nó cultúrtha ábhartha • gnéithe stíleacha • stíleanna a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chumadóirí/chóiritheoirí/thaibheoirí	2.2 An caidreamh atá idir ceol agus an comhthéacs ina bhfuil sé a fhiosrú.
Príomhthréithe agus sainghnéithe an damhsa, an cheoil agus na hamhránaíochta traidisiúnta Gaelaí lena n-áirítear: • gnéithe stíleacha • uirlisí agus teicnící uirlise • teicnící gutha • gnéithe rithimeacha, séiseacha agus armónacha An chaoi leis an damhsa, ceol agus amhránaíocht thraidisiúnta Ghaelach a shainaithint agus cur síos a dhéanamh orthu trí aireachtáil chluaise agus amhairc. Comhthéacsanna stairiúla, pearsanta, polaitiúla, sóisialta nó cultúrtha ábhartha.	2.3 Príomhthréithe agus sainghnéithe an Damhsa Thraidisiúnta Ghaelaigh, an Cheoil Thraidisiúnta Ghaelaigh agus na hAmhránaíochta Traidisiúnta Gaelaí a shainaithint agus cur síos a dhéanamh orthu. 2.4 An chaoi a mbíonn tionchar ag ceol eile ar Damhsa Traidisiúnta Gaelach, Ceol Traidisiúnta Gaelach agus Amhránaíocht Thraidisiúnta Ghaelach mar aon leis an tionchar a bhíonn acu ar cheol eile a fhiosrú.

An chaoi a bhfuil ceangail idir damhsa, ceol agus amhránaíocht thraidisiúnta Ghaelach agus ceol eile. Cineálacha amhrán atá le fiosrú: • Traidisiún na hamhránaíochta ar an Sean-Nós • Amhráin tíre na hÉireann Cineálacha damhsa atá le fiosrú: • Ríl • Port dúbailte • Port luascach • Port aonair • Cornphíopa • Máirseáil • Polca	
Cuspóir an cheoil sna meáin, lena n-áirítear: • chun mothú, giúmar nó mothúchán a chur in iúl • chun scéal a insint • tábhacht chultúrtha • cuspóir sóisialta agus/nó polaitiúil • úsáid leitmóitífe • úsáid siombalachais Meáin atá le fiosrú: • Scannán agus teilifís • Amharclannaíocht cheoil • Físchluichí • Ceol teagmhasach	2.5 Ról agus cuspóir an cheoil sna meáin éagsúla a shainaithint. 2.6 Píosa gearr ceoil atá úrnua a léiríonn carachtar, giúmar nó atmaisféar atá oiriúnach le húsáid i gcomhthéacs na meán a chruthú agus a chur i láthair.
Cineálacha spreagthaigh is féidir a úsáid chun freagra ceolmhar a spreagadh. Spreagthach atá le fiosrú: • saothar ealaíne • giúmar • imeacht • scannán agus teilifís • eispéireas pearsanta • píosa ceoil • ceol dualgais • focail nó litríocht	2.7 Smaointe rithimeacha, séiseacha agus armónacha a chruthú agus a chur i láthair mar fhreagra ar ábhar spreagthaigh.
Údair mhachnaimh nuair atá critíc á déanamh ar thaibhiú ceoil lena n-áirítear: • cruinneas ceoil • deaslámhacht theicniúil • léiriú agus léirmhíniú an cheoil	2.8 Critéir a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun taibhithe beo agus taifeadta a mheas.

• tondath • ensemble agus cothromaíocht • cumarsáid cheoil le lucht éisteachta • stíl cheoil • ionstraimiú • gnéithe teicneolaíochta nó úsáid na teicneolaíochta i dtaibhiú • comhthéacs stairiúil, pearsanta, polaitiúil, sóisialta nó cultúrtha ábhartha	
Gníomhaíochtaí ceoil ina bpobal áitiúil/pobal na scoile agus na háiteanna ina mbíonn gníomhaíochtaí/imeachtaí ceoil ar siúl. Ceoltóir(í) nó grúpaí áitiúla de stíl ar bith a chruthaíonn agus/nó a thaibhíonn sa phobal áitiúil/i bpobal na scoile.	2.9 Taighde agus fiosrúchán a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí ceoil atá ar fáil sa phobal áitiúil. 2.10 Plé a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil an ceol tar éis cur le himeacht pobail áitiúil ar fhreastail an scoláire air agus/nó inar ghlac siad páirt.
An chaoi le nodaireacht a dhéanamh trí aireachtáil chluaise: • Míreanna rithimeacha suas le ceithre bharra • Míreanna séiseacha suas le ceithre bharra An chaoi le tabhairt le fios trí aireachtáil chluaise: • Réimnithe agus dúntaí cordaí coitianta.	2.11 Tras-scríobh míreanna rithimeacha agus séiseacha, agus réimnithe cordaí, trí aireachtáil chluaise.
An tionchar a bhíonn ag stíleanna ceoil agus/nó ceoltóirí/cumadóirí ar an gceol a chruthaíonn an scoláire. An chaoi le tionchair cheoil a shainaithint agus a aithint.	2.12 Cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a ndearna obair ceoltóirí nó cumadóirí eile eolas do smaointe ceoil an scoláire agus an chaoi a raibh tionchar aici orthu.
An chaoi le gnéithe ceoil i bpíosa ceoil nó amhráin atá ann cheana a oiriúnú lena n-áirítear: • smaointe séiseacha, rithimeacha agus armónacha • struchtúir bhunaithe • luas • amchomhartha • tonúlacht • bunarmóin • struchtúr	2.13 Comhoibriú le daoine eile chun sliocht de phíosa ceoil nó d'amhrán atá ann cheana féin a oiriúnú agus a thaibhiú.

An tionchar a bhaineann le déanamh
athruithe ar phíosá ceoil.

Teagasc le haghaidh fhoghlaím na scoláirí

Tá Ceol na hArdteistiméireachta deartha le bheith scoláire-lárnaithe; leagann sé béim ar eispéiris phraiticiúla déanta ceoil do na scoláirí ar fad. Baintear úsáid as cuir chuige a thacaíonn le gníomhaíochtaí déanta ceoil aonair agus chomhoibríocha araon chun an t-ábhar seo a fhoghlaím. Cabhraítear le smaointe ceoil na scoláirí a leathnú agus an cumas atá acu chun dearcthaí iomadúla a shainathint agus a léirthuiscint trí obair a dhéanamh le daoine eile chun ceol a chruthú, a thaibhiú agus breithmheas a thabhairt air.

Bíonn na hoideolaíochtaí inaitheanta i seomra ranga an cheoil scoláire-lárnaithe, cothaíonn siad an chruthaitheacht, an smaointeoireacht chriticiúil agus an inniúlacht chumarsáideach. Tá na trí mhodh rannpháirtíochta mar bhonn leis na heispéiris ar fad i gCeol na hArdteistiméireachta.

Is spás sábháilte é seomra ranga an cheoil ina mbíonn caidrimh bunaithe ar iontaobh agus meas ionas go mthaíonn na scoláirí gur féidir leo iad féin agus a gcuid smaointe a chur in iúl ar bhealach muiníneach agus inniúil. Déanann seomra ranga an cheoil leas don chruthaitheacht nuair a mhothaíonn scoláirí muiníneach go leor chun triail a bhaint as réimse cuir chuige nuair atá ceol á chruthú, á thobchumadh agus á thaibhiú ar bhealaí a chuireann úrnuacht agus léiriú pearsanta chun cinn. Tríd an gcruthaitheacht a éascú, mthaíonn scoláirí go dtacaítear leo chun smaointe malartacha a mholadh, dúshlán a chur roimh ghnásanna agus rioscaí a ghlacadh, ag glacadh leis an éiginnteacht agus nuálaíocht.

Éilíonn rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí taibhithe go n-úsáidtear straitéisí a chothaíonn muinín, cumarsáid agus ionchuimsitheacht. Cabhraíonn teagmháil le suíomhanna taibhithe éagsúla de réir a chéile, ag taibhiú ar bhonn aonair agus mar bhall grúpa agus cleachtas machnamhach scafláilte le muinín agus inspreagadh a chur le chéile. Má fhreastalaítear ar rogha, réimsí spéise agus na buanna atá ag na scoláirí cheana féin, i roghnúchán repertoire le tacaíocht a thabhairt do scoláirí chun páirt fhiúntach a ghlacadh ina gcuid foghlama féin.

Le linn a gcuid staidéir, tugann scoláirí aghaidh ar réimse leathan ceoil, éistean siad leis agus tugann siad breithmheas agus freagra air. Tosaíonn an t-idirghníomhú ar fad leis an gceol le forbairt na feasachta cluaise agus scileanna éisteachta criticiúla. Neartaítear an bunús seo trí fhiosrúchán agus anailís a dhéanamh ar cheol nótaílte, i gcás go mbíonn sé ar fáil, ag cothú tuiscint níos cuimsithí ar struchtúr an cheoil, gnéithe ceoil agus léiriú ceoil ar an dóigh sin.

Is foinse shaibhir iniúchta é an ceol lena n-éistear sa seomra ranga. Éistear go gníomhach leis an gceol seo, déantar scrúdú criticiúil air agus úsáidtear é mar inspioráid do shaothar

cruthaitheach na scoláirí féin. Cothófar an chruthaitheacht, an smaointeoireacht chriticiúil agus réiteach fadhbanna mar thoradh ar oideolaíochtaí a thugann deis fhairsing do scoláirí chun gnéithe ceoil a fhiosrú agus a ionramháil nuair atá a gcuid ceoil úrnua féin á chruthú acu. Baineann scoláirí úsáid as uirlisí, guthanna, teicneolaíocht dhigiteach nó meascán díobh siúd chun teicnící cumadóireachta agus gnéithe de stíleanna ceoil a fhiosrú agus triail a bhaint astu, éisteacht lena gcuid smaointe mar aon leo a chomhroinnt, a bheachtú agus machnamh a dhéanamh orthu i bhfíor-am. Beidh aiseolas leanúnach ón múinteoir agus ó phiaraí, chomh maith le deiseanna struchtúrtha chun beachtú agus machnamh a dhéanamh fite fuaite sa phróiseas foghlama agus cuireann siad neamhspleáchas scoláirí chun cinn.

Beidh an cineál tacaíochta atá riachtanach chun rath a bhaint amach i seomra ranga an cheoil éagsúil ó scoláire go scoláire agus iad ag samhlú agus ag teacht suas le smaointe éagsúla agus tugann siad a leibhéal tuisceana féin agus an fhoghlaim roimhe ré leo chuig gníomhaíocht. I measc na straitéisí atá ann chun ionchuimsitheacht a chur chun cinn agus a chothú, tá; freastal ar leibhéil chumais éagsúla, cé chomh minic a dhéanann múinteoir idirghabháil a choigeartú agus idirdhealú a dhéanamh idir luas agus seicheamh na foghlama. Tugann an dearadh uilíoch don fhoghlaim deiseanna iomadúla agus éagsúla do scoláirí chun a gcuid oibre a thaibhiú agus a chur i láthair. Spreagtar na scoláirí chun foghlaim trí thascanna atá ceaptha le bheith tarraingteach agus ábhartha.

Ba chóir go ndíríonn an measúnú sa seomra ranga ceoil ar na scileanna praiticiúla, teoriciúla agus cruthaitheacha. Chomh mór agus is féidir ba chóir don mheasúnú comhtháthú a dhéanamh leis an gcruthaitheacht agus turgnaimh, taibhiú agus ceol a dhéanamh, agus éisteacht, breithmheas a thabhairt agus a fhreagairt. Tacaíonn úsáid na straitéisí múnlaítheacha agus measúnaithe éagsúla le foghlaim na scoláirí agus tugann sí aiseolas éifeachtach d'fhorbairt na scoláirí. Sainaithníonn, cúitíonn agus aithníonn cur chuige déach i leith an mheasúnaithe foghlaim agus gnóthachtáil na scoláirí. Trí chomhtháthú measúnaithe, trína ndéantar measúnú a leabú sa phróiseas foghlama seachas tabhairt faoi mar thasc ar leithligh, baintear an úsáid is fearr as an am teagaisc atá ar fáil agus cinntítear go gcuireann gach gníomhaíocht ranga leis an bhfoghlaim agus leis an meastóireacht araon.

Measúnú

Baineann measúnú sa tsraith shinsearach le faisnéis faoi phróisis agus faoi thorthaí foghlama a bhailiú, a léirmhíniú, a úsáid agus a thuairisciú. Tá foirmeacha éagsúla measúnaithe ann agus úsáidtear é ar chúiseanna difriúla. Baintear úsáid as measúnú chun an tslí chuí a aimsiú do na scoláirí trí churaclam idirdhealaithe, chun sainréimsí láidreachta nó deacrachta scoláire áirithe a shainaithint agus chun gnóthachtáil a thástáil agus a theistiú. Is tacaíocht don fhoghlaim é an measúnú agus cuireann sé chun feabhais í trí chabhrú leis na scoláirí agus leis na múinteoirí na chéad chéimeanna eile sa phróiseas teagaisc agus foghlama a shainaithint.

Chomh maith le straitéisí éagsúla teagaisc, tacóidh straitéisí éagsúla measúnaithe le foghlaim na scoláirí agus soláthróidh siad faisnéis do na múinteoirí agus do na scoláirí atá inúsáidte mar aiseolas, sa chaoi is gur féidir gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama a chur in oiriúint do riachtanais an fhoghlaimeora aonair. De thoradh tascanna atá cuí agus mealltach a leagan síos, ceisteanna a chur agus aiseolas a thabhairt a chuireann neamhspleáchas an fhoghlaimeora chun cinn, tacóidh an measúnú leis an bhfoghlaim agus leis an dul chun cinn, chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt phríomhinniúlachtaí na scoláire agus coimriú a thabhairt ar an ngnóthachtáil.

Measúnú don teistiúchán

Tá an measúnú don teistiúcháin bunaithe ar an réasúnaíocht, ar chuspóirí agus ar thorthaí foghlama na sonraíochta seo. Tá dhá chomhpháirt mheasúnaithe mar chuid de Cheol na hArdteistiméireachta: scrúdú scríofa amháin agus comhpháirt mheasúnaithe amháin sa bhreis (CMB), an Taibhiú Ceoil.

Beidh an scrúdú scríofa ag Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal. Beidh CMB an Taibhithe Ceoil bunaithe ar threoir choitianta ach déanfar é a mheasúnú ag Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal. Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) a dhéanfaidh gach comhpháirt a leagan amach agus a scrúdú.

Déanfar Ceol na hArdteistiméireachta a mheasúnú ag dhá leibhéal, Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal, sa scrúdú scríofa. Éileoidh na ceisteanna scrúdaithe ar scoláirí go léireoidh siad foghlaim atá cuí don leibhéal atá roghnaithe acu. Beidh idirdhealú le sonrú sa mheasúnú freisin tríd an ábhar spreagthach a úsáidtear, agus trí mhéid na tacaíochta struchtúrtha a thugtar don scoláire atá i mbun scrúdaithe ag leibhéil dhifriúla.

Tábla 2: Forbhreathnú ar an measúnú don teistiúchán

Comhpháirt Mheasúnaithe		Leibhéal
CMB an Taibhithe Ceoil	50% (faoi réir a fhaofa)	Treoir choitianta. Arna measúnú ag Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal
Scrúdú scríofa	50%	Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal

Comhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis: Taibhiú Ceoil

Tugann an Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis (CMB) i gCeol na hArdteistiméireachta freagra díreach ar an réasúnaíocht agus ar aidhmeanna an ábhair, is iad sin inniúlachtaí a fhorbairt i scoláirí ionas gur féidir leo cumarsáid éifeachtach a dhéanamh mar cheoltóirí. Spreagann an CMB seo scoláirí chun tuiscint iomlánaíoch ar an méid atá i gceist le bheith i do cheoltóir a fhorbairt. Éilíonn CMB an Taibhithe Ceoil ar gach scoláire clár a thaibhiú ar uirlis cheoil/lena nguth mar a leanas:

- píosaí ceoil/amhráin a roghnaíodh gan srian agus
- píosa ceoil/amhrán úrnua agus
- tástáil cheoil neamhullmhaithe.

Éascaíonn dearadh an CMB scoláirí chun réimse leathan foghlama a thaispeáint de réir mar a leagtar amach sna torthaí foghlama ó Snáithe 1, Smaointe Ceoil a Fhiosrú agus a Chur in Iúl agus Snáithe 2, Ceol i gComhthéacs: San Am a Caitheadh agus san Am i Láthair. Éilíonn sé ar scoláirí a gcuid foghlama a chur i bhfeidhm i gCeol na hArdteistiméireachta ar bhealaí nach féidir a mheasúnú go héasca le scrúdú scríofa.

Cuireann Tábla 3 achoimre ar na riachtanais do CMB an Taibhithe Ceoil ag Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal i láthair.

Tábla 3: Forléargas ar riachtanais do CMB an Taibhithe Ceoil ag Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

Gnáthleibhéal	Ardleibhéal
Taibheoidh scoláirí trí phíosa ceoil/amhrán san iomlán ar uirlis(i)/lena nguth(anna).	Taibheoidh scoláirí cúig phíosa ceoil/amhrán san iomlán ar uirlis(i)/lena nguth(anna).
Roghnóidh an scoláire dhá cheann de na trí phíosa ceoil/amhrán gan srian.	Roghnóidh an scoláire ceithre cinn de na cúig phíosa ceoil/amhrán gan srian.

Ní mór gur píosa ceoil/amhrán úrnua arna chruthú ag an scoláire mar fhreagra ar ábhar spreagthaigh é ceann amháin de na trí phíosa ceoil/amhrán a thaibhítear. Ní mór go mbeadh an píosa/an t-amhrán úrnua nóiméad amháin ar fad ar a laghad.	Ní mór gur píosa ceoil/amhrán úrnua arna chruthú ag an scoláire mar fhreagra ar ábhar spreagthaigh é ceann amháin de na cúig phíosa ceoil/amhrán a thaibhítear. Ní mór go mbeadh an píosa/amhrán úrnua idir nóiméad amháin agus 30 soicind agus 2 nóiméad 30 soicind ar fad.
Glacfaidh scoláirí páirt i bplé machnamhach leis an scrúdaitheoir le linn an mheasúnaithe, ag léiriú léargas ar a bpróiseas cruthaitheach agus na cinntí ceoil a chuir cruth ar a bpíosa/n-amhrán úrnua.	Glacfaidh scoláirí páirt i bplé machnamhach leis an scrúdaitheoir le linn an mheasúnaithe, ag léiriú léargas ar a bpróiseas cruthaitheach agus na cinntí ceoil a chuir cruth ar a bpíosa/n-amhrán úrnua.
Déanfaidh na scoláirí tástáil neamhullmhaithe.	Déanfaidh na scoláirí tástáil neamhullmhaithe.

Tá sonraíocht Cheol na hArdteistiméireachta deartha chun neart deiseanna déanta ceoil agus taibhithe comhoibríocha éagsúla a thabhairt do scoláirí. Tugann an CMB seo rogha do scoláirí cé acu a bpíosaí/n-amhráin féin a thaibhiú (iad siúd a roghnaíodh gan srian agus cinn a chum siad féin) ina n-aonar nó mar bhall de ghrúpa. Nuair a chuireann scoláire a bpíosaí/n-amhráin i láthair mar bhall de ghrúpa, déanfar iad a scrúdú agus a mheasúnú de réir an mhéid a chuireann siad le taibhiú an ghrúpa.

Is féidir taibhiú aonréadach agus grúpa a mheascadh gan srian. Anuas air sin, is féidir na hamhráin/píosaí ceoil a chur i láthair ar uirlisí éagsúla ceoil nó trí mheascán den ghuth agus uirlisí.

Don tástáil neamhullmhaithe, déanfaidh scoláirí rogha idir cuimhne chluaise (rithimeach nó séiseach), amharcléamh (uirlise/gutha/rithimeach) nó tobchumadh. Beidh na tástálacha cluaschuimhne agus amharcléimh ocht mbarra ar fad. I gcás an tobchumtha, beidh ar na scoláirí a thugann faoin gcúrsa Gnáthleibhéil tobchumadh a dhéanamh ar feadh fad d'ocht mbarra ar a laghad, agus beidh ar scoláirí a thugann faoin gcúrsa Ardleibhéil tobchumadh a dhéanamh ar feadh fad de 16 bharra ar a laghad.

Cuireann an CMB deiseanna praiticiúla déanta ceoil ar fáil do na scoláirí chun beocht a chur leis an bpríomhfhoghlaim ábhair tríd an taibhiú acu. Tá CMB an Taibhithe Ceoil beartaithe le

bheith comhtháite i dteagasc agus foghlaim rialta an tseomra ranga⁵. Tá sé deartha le bheith spreagthach agus taitneamhach do scoláirí agus deiseanna a thabhairt dóibh chun réimsí agus stíleanna ceoil a bhfuil spéis acu iontu a fhiosrú.

Tugann an chomhpháirt mheasúnaithe deis do scoláirí na príomhinniúlachtaí atá forbartha acu a chur i bhfeidhm trí aghaidh a thabhairt ar Cheol na hArdteistiméireachta, amhail bheith cruthaitheach, cumarsáid a dhéanamh, foghlaim agus an féin a bhainistiú, smaointeoireacht chriticiúil agus réiteach fadhbanna agus oibriú le daoine eile go háirithe. Spreagtar na scoláirí chun domhan dinimiciúil agus cruthaitheach an cheoil a fhiosrú. Tacaíonn an CMB le scoláirí chun ábharthacht an cheoil dá saol agus dá scoil, dá bpobal agus dá sochaí a shainiú. Is féidir leis aird a tharraingt ar chonairí gairme sa cheol agus sna healaíona níos ginearálta amach anseo.

An Treoir

Foilseoidh CSS treoir CMB an Taibhithe Ceoil ar bhonn bliantúil. Socróidh CSS na dátaí d'eisiúint na teorach. Cuirfear an CMB i gcrích i dtéarma a dó/a trí den séú bliain.

Tabharfaidh cáipéis ar leith, *Treoirlínte chun Tacú le Comhlánú CMB an Taibhithe Ceoil i gCeol na hArdteistiméireachta*, treoir mhionsonraithe maidir leis an bpróiseas measúnaithe, lena n-áirítear réimse ábhar a bhaineann le heagrú, cur i bhfeidhm agus maoirseacht an CMB.

Ina theannta sin, déanfar an méid seo a leanas sa treoir:

- riachtanais shonracha maidir leis an CMB a leagan amach do gach scoláire,
- ábhar spreagthaigh a chur ar fáil don phíos ceoil/amhrán úrnua agus tacú le scoláirí chun smaoineamh ar réimsí a bhaineann leis an ábhar spreagthaigh a d'fhéadfadh go mbeadh fonn orthu iad a fhiosrú,
- tacú le múinteoirí chun an fhoghlaim agus an teagasc a phleanáil.

Tuairisceoirí cáilíochta don Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis sa Cheol

Baineann na tuairisceoirí thíos leis an bhfoghlaim a bhaineann na scoláirí amach i seomra ranga an cheoil in CMB an Taibhithe Ceoil. Go sonrach, éilíonn an CMB ar scoláirí:

- rialú agus cruinneas tuainirde agus rithim a thaispeáint le linn an taibhithe,

⁵ Meastar go dtógfaidh an CMB suas le 25 uair an chloig lena chur i gcrích. Cuirfear tuilleadh sonraí ar fáil sna Treoirlínte chun tacú le cur i gcrích CMB an Taibhithe Ceoil.

- píosáí ceoil/amhráin a chur in iúl do lucht éisteachta le léiriú ceoil, líofacht agus tuiscint léirmhínithe ar an stíl roghnaithe agus na cinntí cruthaitheacha a rinneadh a phlé agus a chosaint.

Leagtar amach na tuairisceoirí cáilíochta don CMB i dTábla 4.

Tábla 4: Tuairisceoirí cáilíochta: CMB an Taibhithe Ceoil

	Scoláirí a léiríonn leibhéal ard gnóthachtála	Scoláirí a léiríonn leibhéal measartha gnóthachtála	Scoláirí a léiríonn leibhéal íseal gnóthachtála
rialú agus cruinneas tuainirde agus rithim a léiriú le linn an taibhithe	Léiríonn an scoláire rialú agus cruinneas tuainirde agus rithim den chéad scoth le linn an taibhithe ar fad.	Léiríonn an scoláire rialú agus cruinneas tuainirde agus rithim maith den chuid is mó den taibhiú.	Léiríonn an scoláire rialú agus cruinneas tuainirde agus rithim atá teoranta don taibhiú.
píosáí ceoil/amhráin a chur in iúl do lucht éisteachta le léiriú ceoil, líofacht agus tuiscint léirmhínithe ar an stíl roghnaithe	Taibhiú thar a bheith ceolmhar a léiríonn ardleibhéal ceolmhaireachta agus líofachta le heolas láidir faoin gceol a thaibhítear. Léiríonn an scoláire an cumas chun ábhar léiritheach a dtaibhithe a léirmhíniú agus a chur in iúl go pointe iontach.	Taibhiú ceoil ina bhfuil roinnt neamhréireanna a imríonn tionchar ar thuiscint na ceolmhaireachta, líofachta agus tuisceana ar an gceol atá á thaibhiú. Déanann an scoláire iarracht mhaith chun cumarsáid léiritheach a dhéanamh, áfach, tá pointí ann nuair a bhíonn sí teoranta.	Taibhiú ina bhfuil formhór na n-éileamh ceoil ródheacair don iarrthóir, tá tuiscint theoranta acu ar an gceol. Tá cumas an scoláire chun ábhar léiritheach an cheoil a chur in iúl teoranta.
cinntí cruthaitheacha a rinneadh a phlé agus a chosaint.	Léiríonn an scoláire eolas cuimsitheach agus tuisceanach faoina gcuid oibre úrnua féin. Is féidir leis an scoláire na cinntí cumadóireachta cruthaitheacha a rinne	Léiríonn an scoláire tuiscint leordhóthanach ar a gcuid oibre úrnua féin. Déanann an scoláire iarracht mhaith chun na cinntí cumadóireachta cruthaitheacha a rinne	Léiríonn an scoláire cumas teoranta chun a gcuid oibre úrnua féin a phlé agus tuiscint theoranta uirthi. Léiríonn an scoláire cumas teoranta chun cinntí

	siad, úrnuacht agus úire a gcuid smaointe, na dúshláin theicniúla agus roghanna léirmhínithe a rinneadh a phlé agus a chosaint ar bhealach muiníneach.	siad, úrnuacht agus úire a gcuid smaointe, na dúshláin theicniúla agus roghanna léirmhínithe a rinneadh a phlé.	cumadóireachta, úrnuacht agus úire smaointe, dúshláin a chonacthas agus cinntí léirmhínithe a rinneadh a phlé.
--	--	---	--

Scrúdú scríofa

Beidh raon cineálacha ceisteanna sa scrúdú scríofa. Tá príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí a forbraíodh i gcaitheamh chúrsa Cheol na hArdteistiméireachta fite fuaite sna torthaí foghlama agus déanfar iad a mheasúnú i gcomhthéacs na dtorthaí foghlama. Cuimseofar rogha ceisteanna leis an scrúdpháipéar scríofa ina ndéanfar, nuair is cuí ó thaobh leibhéil de, an fhoghlaim atá leagtha síos sa dá shnáithe staidéir a mheasúnú.

Socruithe Réasúnta/lonchuimsithe

Éilíonn an tsonraíocht seo do Cheol na hArdteistiméireachta go dtugann na scoláirí aghaidh ar chineál an ábhair ar bhonn leanúnach i rith an chúrsa. Tá scrúdú scríofa ar fiú 50% de na marcanna ar fad atá ar fáil é agus comhpháirt bhreise ar fiú 50% í mar chuid den mheasúnú don teistiúchán i gCeol na hArdteistiméireachta. Sa chomhthéacs sin, tá scéim na Socruithe Réasúnta/lonchuimsithe i bhfeidhm ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS), scéim a ceapadh chun cuidiú le scoláirí a mbeadh deacracht acu an scrúdú a rochtain nó an méid atá ar eolas acu a chur in iúl do scrúdaitheoir mar gheall ar dheacracht fhisiceach, amhairc, chéadfach, éisteachta nó foghlama. Cuidíonn an scéim seo leis na scoláirí sin an méid atá ar eolas acu agus an méid atá siad in ann a dhéanamh a léiriú gan cur isteach ar chaighdeán an mheasúnaithe. Díritear sa scéim ar bhacainní ar rochtain a bhaint, agus an gá atá leis an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta bunúsacha céanna a mheas a dhéantar a mheasúnú do gach scoláire eile, agus na caighdeáin chéanna gnóthachtála a chur i bhfeidhm agus atá i bhfeidhm maidir le gach scoláire eile. Déanann an Coimisiún gach iarracht le linn dó an scéim seo a chur i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais mheasúnaithe aonair trí na socruithe seo.

Bíonn cúinsí ann inar féidir an riachtanas chun réimsí foghlama ar leith a thaispeáint, agus measúnú á dhéanamh ar na scoláirí le haghaidh teastasú, a tharscaoileadh nó a dhíolmhú, a fhad nach gcuirfidh sé isteach ar shláine iomlán an mheasúnaithe.

Tá faisnéis níos mionsonraithe faoi scéim na Socruithe Réasúnta/Ionchuimsithe sna Scrúduithe Teastais, lena n-áirítear na socruithe atá ar fáil agus na cúinsí ina bhféadfaidís a bheith i bhfeidhm, ar fáil ó Roinn na Socruithe Réasúnta/Ionchuimsithe de chuid Choimisiún na Scrúduithe Stáit.

Sula gcinneann na scoláirí staidéar a dhéanamh ar Cheol na hArdteistiméireachta, i gcomhairle lena scoil agus lena dtuismitheoirí/gcaomhnóirí, ba cheart dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí foghlama na sonraíochta seo agus ar mhionsonraí na socruithe measúnaithe. Ba cheart dóibh machnamh a dhéanamh go cúramach, lena fháil amach an mbeidh siad in ann na torthaí foghlama a bhaint amach, nó an bhfuil riachtanas speisialta oideachais acu a fhágann nach mbeidís in ann a léiriú go bhfuil na torthaí bainte amach acu, fiú tar éis na socruithe réasúnta a chur i bhfeidhm. Más rud é go gcreideann an scoil go mb'fhéidir nach mbeadh scoláire in ann páirt iomlán a ghlacadh sna socruithe measúnaithe don teistiúchán, tá sé riachtanach go ndéanann siad teagmháil le Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

Grádú na hArdteistiméireachta

Déanfar Ceol na hArdteistiméireachta a ghrádú le scála grádaithe 8 bpointe. Is é Grád 1 an grád is airde; is é Grád 8 an grád is ísle. Tá marcanna céatadáin idir 100% agus 30% i gceist leis na seacht ngrád is airde (1-7). Tá na gráid roinnte ina raonta cothroma atá 10% ar leithead. Bronntar Grád 8 as marcanna céatadáin níos lú ná 30%. Déantar idirdhealú idir gráid an Ardleibhéil agus gráid an Ghnáthleibhéil trí A nó G a chur roimh an ngrád faoi seach. Dá bhrí sin, tá A1–A8 i gceist ag an Ardleibhéil agus tá G1–G8 i gceist leis an nGhnáthleibhéil.

Tábla 5: Grádú na hArdteistiméireachta

Grád	Marcanna %
A1/G1	90 - 100
A2/G2	80 < 90
A3/G3	70 < 80
A4/G4	60 < 70
A5/G5	50 < 60
A6/G6	40 < 50
A7/G7	30 < 40
A8/G8	< 30

Aguisín 1: Briathra Gnímh

Briathar gnímh	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí:
Aithin (foinsí)	foinsí faisnéise a aithint go saineúil.
Oiriúnaigh	rud éigin a dhéanamh feiliúnach do bhail, úsáid nó cuspóir nua.
Cuir i bhfeidhm	faisnéis agus/nó eolas agus tuiscint a roghnú agus a úsáid chun cás tugtha nó fíorchúinsí a mhíniú.
Tabhair breithmheas	píosa saothair nó téacs a mheasúnú, a bhreith nó a mheas.
Léirthuisicint a bheith ag... do...	an bhrí, an luach nó an tábhacht atá le rud a aithint.
Cóirigh	píosa ceoil atá ann cheana a oiriúnú nó a athoibriú trí ghnéithe amhail ionstraimiú, armóin, téagar, struchtúr agus stíl a athrú, fad atá féiniúlacht bhunaidh an pháosa ceoil á coinneáil.
Meas	nádúr, cumas, cáilíocht nó luach ruda a mheas, a mheasúnú nó breithiúnas a thabhairt ina thaobh.
Cur síos/míniú gairid	ráiteas gearr a thabhairt ar na príomhphointí amháin.
Comhoibrigh	bheith ag obair lena chéile nó in éineacht le daoine eile ar ghníomhaíocht nó ar thionscadal.
Déan comparáid	cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí agus (nó) difríochtaí atá idir dhá rud nó cás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu (dóibh uile) síos tríd.
Cum	saothar ealaíne a scríobh nó a chruthú, ceol nó filíocht go háirithe.
Cruthaigh	rud a thabhairt chun bheith; tabhairt ar rud éigin tarlú de bharr gníomhaíochtaí duine.
Déan critic ar	gnéithe dearfacha agus diúltacha de, mar shampla, smaoineamh, de dhéantúsán nó de phróiseas ealaíonta a lua, ag tabhairt cúiseanna.
Sainmhínigh	míniú beacht a thabhairt ar fhocal, ar mhír, ar choincheap.
Taispeáin	rud a chruthú nó a dhéanamh soiléir trí réasúnaíocht nó le fianaise, rud a léiriú le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil.
Cuir síos	cuntas mionsonraithe a thabhairt ar phríomhphointí na topaice, ag baint úsáid as focail, léaráidí agus/nó íomhánna.
Forbair	rud a thabhairt go céim dheiridh nó céim níos airde; tuilleadh sonraí a thabhairt nó a oibriú amach go mion.

Pléigh	athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, peirspictíochtaí, tosca nó hipitéisí, atá bunaithe ar fhianaise chuí.
Idirdhealaigh	na difríochtaí idir dhá choincheap nó dhá rud nó níos mó a dhéanamh soiléir.
Measúnaigh (sonraí/faisnéis)	sonraí a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta sonraí i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna.
Measúnaigh (breithiúnas eiticíúil)	fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi na smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna.
Scrúdaigh	breathnú go grinn ar argóintí, sonraí, faisnéis agus/nó scéalta d'fhonn bunús, barúlacha, peirspictíochtaí, treochtaí agus/nó caidrimh a nochtadh.
Mínigh	mionchuntas a thabhairt arna thacú le fáthanna nó cúiseanna.
Iniúch	trial agus tástáil a dhéanamh, chun rud éigin nua a fhionnachtain nó le rud éigin a chruthú.
Fiosraigh	dlúthbhreathnú go córasach ar rud éigin; mionscrúdú nó iniúchadh a dhéanamh.
Sainaithin	patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair.
Léirigh	líníochtaí nó samplaí a úsáid le cur síos a dhéanamh ar rud éigin.
Tobchum	ceol a chruthú agus a thaibhiú gan réamhsmaoineamh nó nár ullmhaíodh dó roimhe sin; rud a léiriú nó a dhéanamh as cibé rud atá ar fáil.
Cuir in iúl	rud a thaispeáint nó a lua; aird a tharraingt ar rud.
Léirmhínigh (bainteach le sonraí)	eolas agus tuiscint a úsáid chun treochtaí a shainaithint agus teacht ar chonclúidí ó fhaisnéis a thugtar.
Léirmhínigh (nach bhfuil bainteach le sonraí)	smaointe a chur in iúl maidir leis an mbrí atá i gceist le rud.

Iniúch	breathnú, staidéar nó scrúdú a dhéanamh go mion chun fíricí a chinntiú, agus teacht ar léargais agus/nó conclúidí nua.
Cosain	cúiseanna bailí nó fianaise bhailí a thabhairt chun tacú le freagra nó le conclúid.
Tabhair breac-chuntas	na príomhphointí a thabhairt, gan ach na píosaí faisnéise riachtanacha a thabhairt.
Taibhigh	tasc, scil nó próiseas praiticiúil a dhéanamh nó a rith chun tuiscint a léiriú.
Athsheinn	píosa ceoil a atáirgeadh nó a thaibhiú go cruinn, trí úsáid a bhaint as uirlis, guth, nó teicneolaíocht dhigiteach.
Cuir i láthair	rud a thabhairt leat, a thairiscint nó a thabhairt ar bhealach foirmiúil; rud a thabhairt roimh fhóram poiblí nó i láthair fóram poiblí.
Mol	rud a thairiscint nó a mholadh lena bhreathnú, lena ghlacadh nó le haghaidh gnímh.
Soláthair	sonraí, obair nó cáipéisíocht a thacaíonn le tátal nó le conclúid a sholáthar.
Aithin (sonraí/faisnéis)	fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint a shainaithint.
Machnaigh	breithniú meabhraitheach a dhéanamh ar ghníomhartha, eispéiris, luachanna agus léann d'fhonn léargais nua a fháil agus brí a bhaint astu.
Beachtaigh	feabhas a dhéanamh trí idirdhealuithe míne nó gnéithe ceoil a chur isteach.
Cleacht	cleachtadh a dhéanamh ar dhráma, píosa ceoil, nó saothar eile do thaibhiú poiblí níos déanaí.
Déan taighde	fiosrú sonrach a dhéanamh, ach fianaise a bhailiú, a eagrú agus a anailísiú d'fhonn teacht ar chonclúidí.
Freagair	rud éigin a fhreagairt nó freagra a thabhairt air, ar iondúil go mbíonn sé in óráid, i scríbhinn nó i ngníomh.
Mol	réiteach, hipitéis nó freagra féideartha eile a mholadh.
Déan achoimre	cur síos gairid a dhéanamh ar na príomhphointí eolais.

Tras-scríobh	smaointe, urlabhra, sonraí a chur isteach i bhfoirm scríofa nó clóscríofa; an méid a chloistear a scríobh síos i gcarachtair nó in abairtí.
Tuig	corpas dea-eagraithe eolais a bheith agat agus é sin a chur i bhfeidhm.
Úsáid	eolas, scileanna nó rialacha a chur i bhfeidhm chun iad a chur i ngníomh.
Deimhnigh	fianaise a thabhairt chun tacú le fírinne ráitis.

Aguisín 2: Gluais Téarmaí

Cuireadh an ghluais seo leis an tsonraíocht chun brí théarmaí an cheoil a mhíniú mar a fheictear iad sa tsonraíocht seo le cuidiú leat í a thuiscint agus tú ag léamh.

Téarma	Léirmhíniú
Aireachtáil chluaise	Áirítear leis sin an cumas léirmhínithe agus tuisceana bunaithe ar an méid is féidir a chloisteáil.
Canóin	Píosa cuntrapointeach ina ndéanann cuid amháin nó níos mó aithris bheacht ar shéis in eatraimh shéiseacha agus ama seasta.
Réimniú cordaí	Sraith cordaí ag fuaimniú ceann i ndiaidh a chéile.
Curfá	Éifeacht phróiseála a chruthaíonn an chuma go bhfuil uirlisí nó guthanna iomadúla ag casadh nó ag canadh ag an am céanna trí aithris a dhéanamh ar fhuaim.
Gléasanna cumadóireachta	Teicnící, modhanna nó uirlisí ar bhain cumadóir úsáid astu chun a gcuid ceoil a chruthú nó cruth a chur air
Comhbhrú	Éifeacht phróiseála a úsáidtear i meascadh nó taifeadadh chun réimse dinimiciúil an cheoil a rialú nó a laghdú.
Frithshéis	Líne shéiseach thánaisteach a chuireann leis an bpríomhshéis i bpíosa ceoil.
Cultúr	Smaointe, gnásanna, cleachtais, luachanna agus iompraíocht shóisialta daoine nó sochaí faoi leith.
Moilliú	Éifeacht phróiseála a úsáidtear chun macallaí nó athsheinm fuaime a chruthú.
Forshéis	Séis neamhspleách níos airde a chantar nó a chastar os cionn na príomhshéise, a úsáidtear i gceol gutha agus córúil go háirithe.
Saobhadh	Athrú ar fhoirm comhartha leictirigh nó toinne fuaime le linn próiseála; athrú ar fhuaim uirlisí ceoil leictreacha aimplithe agus a bhaineann den chuid is mó leis an ngiotár leictreach.
Uathoibriú Éifeachta	An próiseas d'athruithe ar éifeachtaí fuaime a rialú laistigh de stáisiún oibre fuaime digití (DAW).
Gnéithe	Buile, fad, luas, tuinairde, dinimic, tondath, téagar, struchtúr, stíl, tonúlacht agus ionstraimiú.
Cothromú (EQ)	An próiseas a bhaineann le cothromaíocht idir raonta minicíochta éagsúla a choigeartú i bhfuaim. In úsáid i dtaifeadadh, meascadh agus fuaim bheo chun feabhas a chur ar shoiléireacht, torann gan iarraidh a bhaint, srl.

Teicnící léiritheacha	Na bealaí a gcuireann taibheoirí agus cumadóirí cruth ar fhuaim chun mothúchán, giúmar agus carachtar a chur in iúl trí mheán an cheoil.
Aisfhotha	Fuaim ardairde a tharlaíonn nuair a fhaigheann micreafón nó uirlis a chuid aschuir aimplithe féin agus athaimplítear é.
Aithris	Athchasadh de smaoineamh nó móitíf cHeoil i nguth nó i bpáirt éagsúil, rud a chruthaíonn téagar.
Tobchumadh	Cruthú ceoil gan choinne, ar minic go mbíonn sé bunaithe ar phíosá séiseach, rithimeach nó armónach atá ann cheana.
Leitmóitíf	Smaoineamh ceoil atá gearr agus athfhillteach – amhail séis, rithim nó armóin – a bhaineann le carachtar, áit, mothúchán nó coincheap ar leith i bpíosá ceoil, go háirithe i gceoldrámaí, scóir scannáin agus i saothair chláir.
Taibhiú ceoil beo	Taibhiú ceoil i bhfíor-am i suíomh fisiciúil.
Lúb	Cuid ghearr de cheol a athchastar go leanúnach. Is féidir leis a bheith rithimeach, séiseach nó armónach. Is coitianta go n-úsáidtear é sa cheol digiteach agus leictreonach chun struchtúr agus téagar a chur le chéile.
Meáin	Na hardáin agus na formáidí éagsúla ar a n-úsáidtear an ceol ar bhealach fiúntach chun feabhas a chur ar scéalaíocht, insint, atmaisféar, giúmar nó brí. Áirítear scannán, ábhar fuaime agus closamhairc, amharclannaíocht cheoil, físchluichí agus ceol teagmhasach i measc na meán.
Modhnú	An próiseas d'athrú ó ghléas amháin go ceann eile laistigh de phíosá ceoil.
Móitíf	Smaoineamh ceannasach nó athfhillteach i bpíosá ceoil.
Ostinato	Patrún a sheinntear arís agus arís eile a bhíonn rithimeach, séiseach nó armónach, agus a choimeádtar tríd an bpíosá ceoil go leanúnach.
Peanáil	Éifeacht phróiseála a chuireann le leithead an cheoil agus a scaipeann an fhuaim ar fud thaobh clé, thaobh deas nó lár na gcallairí.
Éifeachtaí próiseála	Sraith oibríochtaí meicniúla nó teicneolaíocha ar phróiseas taifeadta trína modhnaítear an fhuaim bhunaidh a cuireadh isteach.
Aisfhuaimniú	Éifeacht phróiseála sa chás go n-aisfhuaimnítear fuaim a chruthaítear le huirlis cheoil aimplithe; éifeacht mhacalla a úsáidtear chun éifeachtaí nádúrtha an aisfhuaimnithe sa seomra a athchruthú.

Seicheamh	Móitíf shéiseach, rithimeach nó armónach nó mír a athchastar ar thuinairde níos airde nó níos ísle.
Foinse fuaime	An meán ina gcruthaítear fuaime (m.sh. ar uirlis, trí ghuth a úsáid, rud sa timpeallacht, gléas leictreonach).
Spreagthach	Rud éigin a spreagann scoláirí chun smaoineamh ceoil a chruthú; is féidir le spreagthach eascairt as saothar ealaíne, giúmar, imeacht, gearrthóg scannáin, eispéireas pearsanta, píosa ceoil, focail nó litríocht mar shampla.
Stíl	An chaoi a ndéantar an ceol a eagrú i dtaca le coinbhinsiúin áirithe; baineann sé go minic le ré stairiúil, seánra, taibheoir nó cumadóir faoi leith.
Siombalachas	Úsáid gnéithe ceoil chun smaointe, mothúcháin, carachtair nó téamaí a léiriú.
Deaslámhacht theicniúil	Scil agus smacht taibheora agus éilimh a n-uirlise nó a ngutha á gcomhlíonadh.
Téagar	'Dlús' fuaime i bpíosa ceoil; d'fhéadfadh sé sin a bheith caol (líne aonair shéise) nó tiubh (cúpla sraith séiseanna, armóiní nó tondathanna).
Tondath	Cáilíocht toin nó fuaime faoi leith uirlise nó gutha, nó bailiúcháin uirlisí agus gutha.
Aireachtáil amhairc	Áirítear leis sin an cumas léirmhínthe agus tuisceana de réir an mhéid is féidir a fheiceáil.
Focaldathú	Nuair a léiríonn an ceol brí litriúil na liricí (m.sh. nótaí ag dul in airde chun "éirí" a léiriú nó díshondas chun "pian" a chur in iúl).
Cóiriú focal	An chaoi a meaitseáiltear na liricí nó an téacs le ceol i bpíosaí gutha.

